An Roinn Leanaí agus Gnóthaí Óige
Department of Children and Youth Affairs

# Tuarascáil Bhliantúil 2016

# RÉAMHRÁ AN AIRE

Is cúis áthais dom fáilte a chur roimh an gcúigiú Tuarascáil Bhliantúil foilsithe ag an Roinn Leanaí agus Gnóthaí Óige. Léiríonn an Tuarascáil an dul chun cinn atá déanta le linn na bliana 2016 ar fud limistéir uile de fhreagrachtaí na Roinne.

Ba mhór an phribhléid domsa a bheith ceaptha mar Aire Leanaí agus Gnóthaí Óige i Mí na Bealtaine 2016 agus an fhís atá agam maidir le treo na seirbhísí sa todhchaí a leagan amach. Bhí sé fíorthábhachtach dom chomh maith, bheith páirteach in obair bhunúsach thar réimse de ghealltanais faoi Chlár an Rialtais.

Rinneamar obair dhíograiseach sa bhliain 2016 chun cistiú breise a aimsiú i mBuiséad 2017 le seirbhísí a chosaint agus a fhorbairt chun tacú le páistí, le daoine óga agus le teaghlaigh. Dháil an rialtas cistiú breise de €173 milliún ar an roinn, suim iomlán de os cionn €1.3 billiún sa bhliain 2017. Mar pháirt de sin, fuaireamar cistiú breise fá choinne Tusla, le go mbeidís in ann leanúint ar aghaidh leis an gclár uaillmhianach chun athchóiriú a dhéanamh ar sheirbhísí agus chun córas éifeachtúil agus freagrúil a chruthú i dtaca le cosaint agus cúram leanaí.

Tá sé mar phríomhthosaíocht bheartais agam Scéim Úr Cúram Leanaí Inacmhainne a fhorbairt, chun a chinntiú go mbeidh fáil ag teaghlaigh sa réim ísealioncaim ar chúram leanaí inacmhainne agus ar ardchaighdeán. Rinneadh a lán den obair bhunúsach seo le linn na bliana 2016. Bhunaigh mé an Fóram Luathbhlianta chomh maith, le plé ar cheisteanna atá tábhachtach do pháirtithe leasmhara, a éascú, chomh maith le deiseanna a chur ar fáil le haghaidh chomhairliúcháin le feidhmeannaigh na Roinne agus príomhionadaithe na hearnála.

Tá sé mar thosaíocht agam dul i ngleic le bochtaineacht leanaí, agus tá obair déanta agam chun strus ar theaghlaigh gan dídean a cheansú. Bhí sé de chúis bhróid dom tús a chur le hullmhúchán ar an gcéad *Straitéis Óige LADT* rud ar mian liom a chríochnú le linn na bliana 2017. Chuir sé an-áthas orm an clár '*Healthy Lifestyles, Have Your Say*' (*Stíleanna Maireachtála Folláine, Deis Labhartha Agat*), a lainseáil, clár a bhí mar thoradh ar chomhairliúchán náisiúnta le páistí agus le daoine óga chun buneolas a thabhairt le straitéis náisiúnta maidir le hotracht, a fhorbairt.

Creidim go docht gur chóir deis a thabhairt do dhaoine óga anseo in Éirinn agus san Ríocht Aontaithe, a gcuid tuairimí a chur in iúl maidir leis an mBreatimeacht, agus tá ullmhúchán déanta cheana féin ag an Roinn seo le haghaidh teacht le chéile ar leith do dhaoine óga agus dóibh siúd atá ag obair leo, go luath i 2017, chun an cheist a phlé.

Ba mhaith liom aitheantas a thabhairt do lucht bainistíochta agus do bhall foirne na gcomhlachtaí uile a ghníomhaíonn faoi stiúir na Roinne seo as an obair atá déanta acu, as leibhéal na rannpháirtíochta leis an Roinn ag leibhéal oifigiúil agus ag leibhéal an Bhoird.

Gabhaim buíochas leis an Ard-Rúnaí agus le ball foirne uile na Roinne as a gcuid oibre agus as a gcuid tacaíochta sna dianiarrachtaí atá ar siúl againn maidir le feabhas a chur ar chúrsaí do pháistí agus do dhaoine óga in Éirinn agus chun na hathruithe dearfacha go léir ar a bhfuil muid dírithe, a chur i gcrích.

An Dochtúir Katherine Zappone, TD.

Aire Leanaí agus Gnóthaí Óige

Meitheamh 2017.

# RÉAMHRÁ AN ARD-RÚNAÍ

Cuimsíonn Tuarascáil Bhliantúil 2016 an cúigiú bliain iomlán de chuid oibre na Roinne Leanaí agus Gnóthaí Óige, agus cuirtear isteach é faoi Alt 4 den Acht um Bainistíocht na Seirbhíse Poiblí 1997.

Le linn na bliana 2016, rinneamar obair dhíograiseach chun na tosaíochtaí sa Ráiteas um Straitéis 2015-2017 a chur chun cinn. I measc na mórghnéithe a ndearnadh dul chun cinn orthu, bhí na cinn seo a leanas:

- Forleathnú ar an Scéim um Chúram agus Oideachas na Luath-Óige chun 15 uair de réamhscolaíocht saor in aisce in aghaidh na seachtaine a sholáthar do gach páiste ó haois trí bliana go dtí go dtéann sé/sí ar scoil

- Tús a chur leis an Modúl um Rochtana agus Cuimsithe, a thacaíonn le páistí faoi mhíchumas, páirt iomlán a ghlacadh sa chlár ECCE (COLÓ).

-Rialacháin úra do chúram leanaí a chur le chéile mar fhothaca do roinnt athchóirithe tábhachtacha san earnáil Luath-Óige

-Grúpa Idir-Rannach um Chur i Bhfeidhm Tús Áite do Leanaí a bhunú chun tacú leis an obair dhian atá ar bun cheana féin, lena chinntiú go bhfuil na hearnála uile réidh do thosach feidhme an Achta um Thús Áite do Leanaí 2015, faoi dheireadh 2017.

-Leanúint ar aghaidh le hobair le Tusla chun feabhsuithe tosaíochtaí a chur i bhfeidhm maidir le seirbhísí cosanta agus leasa leanaí

- Foireann Treorach don Straitéis Náisiúnta Óige a bhunú le comhordú, forbairt agus monatóireacht a dhéanamh ar chur i bhfeidhm na straitéise

Gabhaim buíochas le mo chuid chomhghleacaithe sna Ranna eile Rialtais, sna gníomhaireachtaí agus in earnáil na leanaí go forleathan as a gcomhoibriú agus as an tacaíocht a thugann siad dúinn ar bhonn leanúnach. Cuireann na dlúthchaidrimh oibre sin ar ár gcumas tús áite a thabhairt do leanaí agus do theaghlaigh agus muid ag tabhairt faoi bheartais a chruthú.

Chuireamar fáilte roimh An Dochtúir Katherine Zappone, Aire, i Mí na Bealtaine 2016. Táimid iomlán gafa leis an obair atá riachtanach chun na gealltanais maidir le leanaí, le hóige agus le teaghlaigh atá leagtha síos do Chlár Rialtais Comhphairtíochta, a chur chun cinn.

Is Roinn í seo a bhfuil clár uaillmhianach aici maidir le hathchóiriú agus táimid ag brath go mór ar thiomantas agus ar cháilmheas fhoireann na Roinne, daoine a n-oibríonn ar dhóigheanna éagsúla gach lá, chun torthaí níos fearr a chruthú do leanaí agus do dhaoine óga in Éirinn. Ba mhaith liom mo bhuíochas a ghabháil leo as a gcuid oibre le linn na bliana 2016 agus as an ról a bhí acu san dul chun cinn soiléir atá déanta le linn na bliana.

Feargal Ó Loingsigh

Ard-Rúnaí

Meitheamh 2017

# Clár Ábhar


## Cuid 1 – Réamhrá

1. Ráiteas Misin
2. Athbhreithniú ar 2016

## Cuid 2 – Cuspóirí Straitéiseacha (2015-2017): Dul Chun Cinn a Rinneadh,2016

## Aguisíní

i. Clár Reachtaíochta 2016
ii. Foilseacháin 2016
iii. Sonraí Corparáideacha
iv. Forbhreathnú ar Úsáid Fuinnimh 2016
v. Cart Eagraíochta agus Comhlachtaí faoi choimirce na Roinne

# <u>Cuid 1 – Réamhrá</u>

**1. Ráiteas Misin**

Is é príomhaidhm donRoinn Leanaí agus Gnóthaí Óige an iarrachta chun torthaí níos fearr a chruthú do leanaí agus do dhaoine óga in Éirinn, a stiúradh.

I Meitheamh 2011, bhunaigh an Rialtas, den chéad uair, Roinn atá tiomnaithe chun mórthosaíochtaí maidir le leanaí agus le h-óige a chur i gcrích. Cuimsíonn freagrachtaí na Roinne réimse leathan beartais agus de ghníomhaíochtaí seirbhíse, díreach agus indíreach, do leanaí agus do dhaoine óga in Éirinn. Is sainordú coimpléascach atá aige a chuimsíonn roinnt snáitheanna, cuid acu scaoilte agus cuid a bhfuil gaol eatarthu:

- réimse de sheirbhísí a sholáthar atá uilíoch agus spriocdhírithe
- cinntiú go bhfuil socruithe ar ardchaighdeán ann le haghaidh idirghabhálacha atá dírithe ar leas agus chosaint leanaí, ar thacaíocht do theaghlaigh, ar uchtú ar freastal scoile agus ar laghdú na coireachta i measc daoine óga
- comhchuibhiú beartais agus soláthair sa Rialtas ar fad , agus le raon leathan de pháirtí leasmhara chomh maith, chun torthaí a fheabhsú do leanaí, do dhaoine óga agus do theaghlaigh

**2. Athbhreithniú ar 2016**

Buaicphointí ón mbliain 2016:

I Mí Eanáir rinne an tAire James Reilly, ionadaíocht ar son Rialtas na hÉireann ag Coiste na Náisiún Aontaithe ar Chearta an Pháiste agus rinne se cur síos don choiste ar an gcaoi ina bhfuil Coinbhinsiún na Náisiún Aontaithe um Chearta an Linbh a chomhlíonadh in Éirinn. Sa mhí chéanna, chuireamar fáilte roimh cheapacháin nua : Príomhfheidhmeannach ar Tusla agus Cathaoirleach ar Bhord Bainistíochta Bhaile an Oibricigh.

I Mí Feabhra, d'fhógair an tAire €4milliún de chiste caipitiúil do sheirbhísí Luathbhlianta i 2016.Níos déanaí sa mhí, dáileadh €16 milliún sa bhreis as Buiséad 2016 chun an scéim Fóirdheontais Chúram Leanaí a dhéanamh níos inrochtana trí í a chur ar fáil trí Sholáthraithe Seirbhísí Príobháideacha.

I Mí Aibreán, bronnadh conradh le haghaidh clár mór nua ardoideachais atá dírithe ar oideachas agus oiliúint ar dhea-chleachtas a sholáthar. Cuirfear oiliúint ar fáil do chleachtóirí chun go mbeidh ar a gcumas páistí faoi mhíchumas a hionchuimsiú sna réamhscoileanna.

Ceapadh An Dochtúir Katherine Zappone T.D. ina hAire Leanaí agus Gnóthaí Óige ar 6 Bealtaine 2016. Cheadaigh an Rialtas an Bille Uchtála (Leasú) 2016 a fhoilsiú agus d'fhógair an tAire ceapachán Bhord Bainistíochta Nua Bhaile an Oibricigh le haghaidh champas don scoil choinneála nua do leanaí i mBaile an Oibricigh. D'fhreastail an tAire ar chruinniú de Chomhairle na nAirí Óige, sa Bhruiséil, chun plé a dhéanamh ar an ról atá ag beartas óige agus ag earnáil na h-óige i bpróiseas chun cur chuige comhtháite a fhorbairt chun tacú le h-óige agus iad ag aithint a bhféiniúlacht. Cuireadh síneadh le Rialacháin Nua um Chúram Leanaí maidir le caighdeáin sna réamhscoileanna.

I Mí Meitheamh, d'fhógair an tAire an tSamhail Rochtana agus Cuimsithe, (AIM), clár nua tacaíochta do leanaí le míchumais, le cinntiú go mbeidh rochtaineacht níos fearr acu ar sheirbhísí réamhscoile. Ina theannta sin, d'fhógair sí sonraí na seirbhísí pobal-bhunaithe don óige, a bhfuil 28 acu ann, a rachaidh an Tionscnamh nua d' Infhostaitheacht Óige chun leasa dóibh.

I Mí Iúil, dáileadh €6.5 milliún de chiste caipitil ón Roinn ar thimpeall 1,000 de sholáthróirí réamhscolaíochta ar fud na tíre, rud a chabhróidh le forleathnú agus forbairt a dhéanamh ar na seirbhísí sin d'fhonn fhorleathnú ar an Scéim um Chúram agus Oideachas Luath-Óige (ECCE ) réamhscolaíochta. Mar pháirt den Phlean GníomhaíochtaNáisiúnta um Thithíocht agus Easpa Dídine, cuimsíodh breis oibrithe tacaíochta agus cóiríocht nua do dhéagóirí leochaileacha i measc na mbeartas atá dírithe ar leanaí.

I Lúnasa, chuir an tAire Fóram Náisiúnta Comhoibríoch um Oideachas Luath-Óige ar bun don Earnáil um Chúram agus Oideachas Luath-Óige. Tugtar an Fóram Luathbhlianta ar an bhfóram sin.

I Meán Fómhair, lainseáil an tAire an clár, *Healthy Lifestyles, Have Your Say*, ( Stíleanna Maireachtála Folláine, Deis Labhartha Agat ) , torthaí ar chomhairliúchán náisiúnta de leanaí agus óige a ndearnadh faoi chúram na Roinne agus faoi chúram na Roinne Sláinte le bonn-eolas a chur faoi fhorbairt ar straitéis nua chun dul i ngleic le hotracht.

Tháinig ardú de 15% sa Bhuiséad 2017 i Mí Dheireadh Fómhair ar chistiú do sheirbhísí leanaí, d'óige agus do theaghlaigh. Agus an €173 milliún sa bhreis san áireamh, bhí cistiú iomlán de €1.3 billiún faighte ag an Roinn. Dáileadh €57 milliún chun arduithe shuntasacha i gcomhair sheirbhísí óige reatha, le cuimsiú a dhéanamh ar phobail ina bhfuil seirbhísí níos fearr a bheith de dhíth iontu agus tús a chur leis an Straitéis Náisiúnta Óige LADT. D'fhoilsigh an tAire páipéar polasaí ar an Scéim Úr Cúram Leanaí Inacmhainne d'Éirinn agus lainseáil sí próiseas comhairliúcháin ar líne don scéim.

I Mí na Samhna, d'fhoilsigh sí an Bille um Uchtú 2016 (Rianú agus Faisnéis), tionscnamh suaitheanta a chabhraíonn le daoine uchtaithe, rianú a dhéanamh orthu féin. Chuir níos mó ná 500 daoine óga idir 12-17 bliain ó Chomhairle na n-Óg ar fud na tíre, a gcuid oibre i láthair, obair a rinne siad ar son chearta óige a chosaint agus chun a nguth a chur le guthanna lucht déanta beartais fud fad na tíre.

I Mí na Nollag, reáchtáladh seimineár ar an mBille Uchtála (Leasú) 2016. Rinne an tAire óstaíocht ar Dhíospóireacht Oscailte Beartais don Straitéis Náisiúnta Luathbhlianta, ar a d'fhreastail breis is 80 saineolaí agus páirtithe leasmhara. D'fhoilsigh an tAire tuairisc i gcomhpháirt le hAire Stáit na Roinne Ceart agus Comhionannais, ag déanamh cur síos ar an dul chun cinn a rinneadh i 2014 agus 2015 maidir leis an bPlean Gníomhaíochta um Cheartas i leith an Aosa Óig . Fógraíodh ciste €8.25 milliún le haghaidh 25 uair de chúram leanaí saor in aisce a sholáthar do leanaí 0-5 bliain a bhfuil a gcuid tuismitheoirí gan dídean. I ndeireadh na míosa, cheap an tAire,Cathaoirleach Neamhspleách
ar an ngrúpa le maoirseacht a dhéanamh ar an gcéad straitéis LADT.

Leanadh ar aghaidh ar dhul chun cinn a dhéanamh ar an mBille um Chúram Leanaí (Leasú) 2016, ar an mBille Uchtála (Leasú) 2016 agus ar an mBille um Uchtú ( Rianú agus Faisnéis) 2016. D'oibrigh an Roinn ar scóip athbhreithnithe an Achta um Chúram Leanaí 1991 chomh maith.

Bíonn ualach oibre suntasach ag baint le freagrachtaí iomlána Roinne Rialtais i réimsí leithéidí na meáin chumarsáide, gnó an Rialtais , tacú le agus dul i ngleic le riachtanais na ranna eile Rialtais, comhfhreagras airgeadais agus comhfhreagrais eile don Oireachtas agus dá struchtúir Choiste agus a chinntiú go bhfuil ár riachtanais féin á dtacú freisin.

Maidir le riachtanais pharlaiminte, thug an Roinn tacaíocht don Aire maidir le freagraí a thabhairt ar na ceisteanna seo a leanas:

| | **2015** | **2016** |
|---|---|---|
| **Ó Bhéal** | 439 | 219 |
| **Scríofa** | 1,123 | 927 |
| **Iomlán** | 1,562 | 1,146 |

Sa chéad chuid eile den Tuarascáil Bhliantúil, déantar achoimre ar an dul chun cinn atá déanta le linn na bliana 2016 maidir le gach ceann de na gníomhaíochtaí tosaíochta atá leagtha síos i Ráiteas Straitéise na Roinne. Déantar na gníomhaíochtaí seo a hionchorpraídiú i bpleananna bliantúla gnó na n-aonad iomchuí.

# Cuid 2- Cuspóirí Straitéiseacha (2015-2017) : Tuairisc ar Dhul Chun Cinn 2016

**Cuspóir Straitéiseach 1** :

**Beartais , reachtaíocht agus acmhainní a fhorbairt, a láidriú agus a ailíniú le haghaidh torthaí níos fearr a bhaint amach do leanaí agus d'óige agus le tacaíocht a chur ar fáil do thuismitheoirí agus do theaghlaigh.**

| **Gníomhaíocht Tosaíochta 1.1**<br>**Beartais agus soláthar seirbhíse a ailíniú chun torthaí níos fearr a chinntiú do leanaí agus d'óige**. |
|---|
| **Creat Beartais Náisiúnta**<br>*Torthaí Níos Fearr, Todhchaí Níos Gile* : Tá an Creat Beartais Náisiúnta do Leanaí agus do Dhaoine Óga 2014-2020 fíorthábhachtach don chomhoibriú idir-rannach. Ta roinnt réimsí aitheanta mar thosaíochtaí ag an nGrúpa Urraitheoirí idir-rannach:<br>• An Roinn Sláinte: otracht leanaí<br>• An Roinn Oideachas agus Scileanna : athbhreithniú ar DEIS<br>• An Roinn Leanaí agus Gnóthaí Óige: cosc agus luath-idirghabháil<br>• An Roinn Coimirce Sóisialaí : bochtaineacht leanaí<br>• An Roinn Tithíochta Pleanála, Pobail agus Rialtas Áitiúil : easpa dídine<br><br>D'fhorbair an Chomhairle Chomhairleach le haghaidh *Torthaí Níos Fearr, TodhchaíNíos Gile,* plean oibre don bhliain 2016 ar a raibh réimse tosaíochta le díriú orthu, lena n-áirítear, cearta daonna agus comhionannas, oideachas uilíoch, easpa dídine i measc leanaí, cúram agus oideachas luathbhlianta, cosc agus luath-idirghabháil, meabhairshláinte agus folláine, bochtaineacht leanaí agus rannpháirtíocht pobail agus na hearnála pobail agus na hearnála deonaí i gCoistí Seirbhíse Leanaí agus Daoine Óga.<br><br>***Tionscnamh um Fhorbairt Cáilíochtaí agus Acmhainne***<br>Faoi réir *Torthaí Níos Fearr, Todhchaí Níos Gile*, aithnítear Cosc agus Luath-Idirghabháil a bheith ina sprioc bhunathraithe, thábhachtach maidir le seirbhísí do leanaí. Tá Tionscnamh um Fhorbairt Cáilíochtaí forbartha ag an Roinn, tionscnamh a bhfuil de sprioc aige caighdeán agus acmhainn na seirbhísí cosca agus na seirbhísí luath-idirghabhálacha atá ar fáil do leanaí agus do dhaoine óga i mbaol, nó faoi mhíbhuntáiste, a fheabhsú<br>Le linn ne bliana 2016 baineadh amach na spriocanna seo a leanas:<br>• Comhairliúchán le páirtithe leasmhara in Éirinn;<br>• Athbhreithniú piaraí a dhéanamh ar chosc agus luath-idirghabháil i gcomhpháirt le Coimisiún na hEorpa;<br>• Anailís mhion a dhéanamh ar thionscnaimh ghaolmhara; agus<br>• Cíoradh a dhéanamh ar an gcur chuige is fearr chun mol sonraí agus faisnéise a fhorbairt<br>Gníomhaíochtaí eile :<br>• Tusla tiomanta do mhol sonraí agus faisnéise áitiúil a fhorbairt<br>• Pleananna chun mol fianaise a fhorbairt agus scéimeanna nuálaíochta a reáchtáil agus iad a chur i gcrích i 2017. Beidh siad dírithe ar chuir chuige atá bunaithe ar fhianaise agus atá dírithe ar luath-óige. |

***Scéim Cúram Leanaí Inacmhainne***

Fógraíodh Scéim úr Cúram Leanaí Inacmhainne mar pháirt de Bhuiséad 2017. Cuirfear in áit na scéimeanna cúram leanaí reatha atá dírithe ar leanaí agus tá na haidhmeanna seo leanas aige:

- na scéimeanna reatha atá dírithe ar leanaí a athchóiriú le hiad a dhéanamh níos inrochtanaí do leanaí agus do sholáthróirí cúram leanaí;
- tacaíocht airgeadais ar bhonn leanúnach a chur ar fáil le haghaidh costais chúram leanaí , agus a bheidh dírithe go háirithe ar dtús ar theaghlaigh ísealioncaim ach ag cur tacaíocht uilíoch san áireamh chomh maith; agus
- clár oibre láidir agus solúbtha a sholáthar le haghaidh infheistíocht i gcúram leanaí in Éirinn sa todhchaí

***Rannpháirtiocht***

Tá sé ina ghníomhaíocht tosaíochta ag an Roinn sa*Straitéis Náisiúnta um Rannpháirtíocht Leanaí agus Daoine Ógasa Phróiseas Cinnteoireachta 2015-2020*Mol Rannpháirteachaisle haghaidh Leanaí agus Daoine Óga a chur ar bun, agus é a bheith ina Ionad Náisiúnta Barr Feabhais. Tabharfaidh an Mol tacaíocht do ranna Rialtais agus d'eagraíochtaí eile chun an straitéis a chur i bhfeidhm trí oiliúint,trí thaifead a choimeád ar an gcleachtadh is fearr agus trí oideachas ar chearta leanaí, a chur ar fáil do ghairmithe.

Cuirfidh sé le hobair Aonad Rannpháirtíochta na Roinne chun tacú le soláthar na Straitéise Rannpháirtíochta agus ag cur le cumas obair rannpháirtíochta ar fud na tíre. Ba bhliain 2016 reáchtáladh na chéad chláir thraenála do rannpháirtithe, agus foilsíodh bunachar sonraí rannpháirtíochta leanaí ar líne ag www.dcya.gov.ie

***Ógchoireacht***

Ta an *Straitéis Náisiúnta um Chearta i Leith an Aosa Óig ( Tackling Youth Crime) 2014-18*,tiomanta do thorthaí níos fearr a bhaint amach do leanaí agus do dhaoine óga a bhfuil aire straitéiseach de dhíth orthu de bharr go bhfuil siad faoi réir an gcóras um cheartas i leith an aosa óig, mar gheall ar a n-iompar. Tá an plean dírithe ar leanúint ar aghaidh leis na treochtaí coiriúlachta a laghdú ar bhonn leanúnach agus mar thoradh air sin nach mbeidh gá chomh mór le coinneáil. Le linn na bliana 2016, rinneadh dul chun cinn le hoibreacha ar an bhforbairt chaipitil ar Bhaile an Oibricigh. Ina theannta sin, bunaíodh grúpa idirghníomhaireachta- an Grúpa Oibre 17 Bliain d'Aois- lena n-áirítear ionadaithe ó na grúpaí seo a leanas: IYJS, Baile an Oibricigh, An Garda Síochána, Seirbhís Príosún na hÉireann, an tSeirbhís Promhaidh agus an Roinn Dlí agus Cirt agus Comhionannais. Bunaíodh an grúpa seo chun ullmhúchán a dhéanamh ar an bplean chun buachaillí 17 bliain d'aois a gcuirtear faoi phianbhreith choinneála a chur chuig Scoil Choinneála Bhaile an Oibricigh.

**Gníomhaíocht Tosaíochta 1.2**
**Straitéisí/beartais chomhpháirteacha a eascraíonn ó chreatlach chomhtháite bheartais Torthaí Níos Fearr Todhchaí Níos Gile, a ullmhú.**

***Bochtaineacht Leanaí***

Faoi réir *Torthaí Níos Fearr, Todhchaí Níos Gile*, chomhoibrigh grúpa ad hoc a bhí comhdhéanta d'fheidhmeannaigh ón Roinn Coimirce Sóisialaí, ón Roinn Leanaí agus Gnóthaí Óige, ón Roinn Sláinte, ón Roinn Oideachas agus Scileanna, ón Roinn Tithíochta, Pleanála,

Pobail agus Rialtas Áitiúil, chomhoibrigh siad le baill den chomhairle chomhairleach le réitithe ar bhochtaineacht leanaí a aithint agus a chur chun cinn. Bhí foghrúpa eile ar a raibh feidhmeannaigh de chuid na Roinne agus baill den Chomhairle Chomhairleach ag obair ar smaointeoireacht a fhorbairt maidir le cosc agus luath-idirghabháil.

***Straitéis Óige Náisiúnta***

Bunaíodh Foireann Bainistíochta don Straitéis Óige Náisiúnta i Mí Iúil 2016. Ina dhiaidh sin, bunaíodh foghrúpa eile atá chun tosaigh ar scéim chistiú nua a dhearadh, scéim a bhí molta san *Athbhreithniú ar Luach ar Airgead agus ar Pholasaí* 2014 (Moladh 2). Chuaigh an dara foghrúpa i ngleic go gníomhach le Comhairle Chomhairleach de chuid *Torthaí Níos Fearr, Todhchaí Níos Gile* le gníomhaíochtaí agus torthaí sa Straitéis Óige Náisiúnta a chomhoiriúnú le plean oibre de chuid an Chomhairle Chomhairleach do 2017. Tá dul chun cinn thar barr déanta ag an dá fhoghrúpa.

***Rannpháirtíocht***

Foilsíodh an chéad Tuarascáil Bhliantúil i dtaca le feidhmiú tiomantais sa *Straitéis Náisiúnta um Rannpháirtíocht Leanaí agus Daoine Óga sa Phróiseas Cinnteoireachta, 2015-2020,* ar líne i Mí Iúil 2016. Léiríonn an tuarascáil go bhfuil deachuma ar an dóigh a bhfuil an straitéis á cur i bhfeidhm. Tá tús láidirdéanta ag na Ranna agus ag na Gníomhaireachtaí Rialtais agus 87% de na gníomhaíochtaí a bhí aontaithe, curtha i gcrích nó gar dó a bheith. Ta sé mar thosaíocht phráinneach ag an Roinn,Mol Rannpháirtíochta do leanaí agus do Dhaoine Óga a bhunú, a bheidh ina ionad barr feabhais. Faoi réir an mhoil, tabharfar tacaíocht do ranna Rialtais agus d'eagraíochtaí eile agus iad ag cur na Straitéise i bhfeidhm, trí chúrsaí traenála, tríd an gcleachtadh is fearr a thaifeadadh agus trí oideachas maidir le cearta leanaí a sholáthar do ghairmithe.

***An Straitéis Luathbhlianta***

Tharla roinnt comhairliúcháin le páirtithe leasmhara agus chabhraigh na comhairliúcháin le roghanna eolasacha a dhéanamh maidir leis an Straitéis Náisiúnta Luathbhlianta. Ina measc, bhí ceann amháin ina raibh leanaí páirteach agus tharla Díospóireacht Oscailte ar Pholasaí i Mí na Nollag 2016. Tháinig níos mó ná 80 saineolaí le chéile, lena n-áirítear ,cleachtóirí agus páirtithe leasmhara ó na réimsí seo a leanas: sláinte, oideachas, cúram agus oideachas luathbhlianta, cosaint leanaí, tithíocht, pobal, coimirce sóisialaí agus cuimsiú sóisialaí. I measc na rannpháirtithe, bhí eagraíochtaí tuismitheoirí, eagraíochtaí reachtúla agus neamhreachtúla, eagraíochtaí tathanta, ionadaithe ceardchumainn, ionadaithe gnó agus ionadaithe ó na ranna Rialtais.

***Plean Gníomhaíochta um Cheartas i leith an Aosa Óig***

Ta an Plean Gníomhaíochta um Cheartas i leith an Aosa Óig á chur i bhfeidhm faoi réir an IYJS, i gcomhpháirt le gníomhaíochtaí ábhartha lena n-áirítear An Garda Síochána, An tSeirbhís Choinneála, Baile an Oibricigh, Seirbhís Príosún na hÉireann agus Tusla, an Ghníomhaireacht um Leanaí agus an Teaghlach. Tá sé mar aidhm dó, sochaí níos sábháilte a chruthú trí bheith ag obair i gcomhpháirt agus trí idirghabhálacha iomchuí agus tri naisc le seirbhísí a sholáthar, le haghaidh choireacht óige a laghdú. Sa Phlean Gníomhaíochta, leagtar síos raon de chuspóirí agus de spriocanna ar leith ar mhaithe le torthaí níos fearr a sholáthar do leanaí a tharraingíonn trioblóid orthu féin leis an dlí , agus chun choireacht a laghdú ar mhaithe le pobail a dhéanamh níos sábháilte.

**Gníomhaíocht Tosaíochta 1.3**
**Clár Reachtaíochta maidir le cosaint leanaí, maidir le huchtú agus maidir le ceartas i leith an aosa óig a fhorbairt agus a chur i bhfeidhm.**

***Cur i bhfeidhm Thús Áite do Leanaí***

Leanadh ar aghaidh le hullmhúcháin sa bhliain 2016 chun na forálacha eile den Acht um Thús Áite do Leanaí a chur i bhfeidhm go hiomlán. Chuimsigh sin obair mhór ullmhúcháin a rinne Tusla chun freastal go hiomlán ar a gcuid dualgais faoin reachtaíocht . Cuimseoidh sé raon d'acmhainní a bheidh le soláthar ag Tusla le tacú agus le cabhrú leis na hearnálacha uile, an reachtaíocht a chur i bhfeidhm. D'oibrigh an Roinn go dlúth le Tusla maidir le traenáil bhunúsach i bhformad e-traenáil i dtaca le Tús Áite do Leanaí a chur ar fáil, chomh maith le faisnéis agus acmhainní.

Tugadh stádas reachtúil don nGrúpa Idir-Rannach, de réir forálacha an Achta, a bhí ag déanamh maoirseachta ar an gcur i bhfeidhm, sa dara leath den bhliain 2016. Forbraíodh é le hionadaithe ó gach ceann de na Ranna Rialtais a chur san áireamh: Feidhmeannacht na Seirbhíse Sláinte, Tusla, agus An Garda Síochána. Beidh sé ina fhócas faoi leith ag an ngrúpa, cur chuige seasmhach a fhorbairt ar fud na ranna, chun cosaint ardchaighdeánach do leanaí a chinntiú sna gníomhaireachtaí agus sna seirbhísí maoinithe.
Lean Grúpa Maoirseachta na Roinne maidir le Tús Áite do Leanaí , lean siad le hullmhúcháin a dhéanamh ar fud na Roinne le haghaidh cur i bhfeidhm iomlán an Achta, lena n-áirítear cur chuige seasmhach ar fud na Roinne chun cosaint ardchaighdeánach a chinntiú do leanaí, sna gníomhaireachtaí, sna hearnálacha agus sna seirbhísí atá maoinithe faoin Roinn.

***Reachtaíocht***

Rinneadh obair shuntasach ar dhréachtú a dhéanamh ar na moltaí athbhreithnithe maidir leis an *mBille um Uchtú ( Rianú agus Faisnéis) 2016*, a foilsíodh i Mí na Samhna 2016.

Foilsíodh an *Bille um Uchtú ( Rianú agus Faisnéis) 2016* i Mí Bealtaine 2016. Is é aidhm don mBille éifeacht a thabhairt d' Airteagal 42A (Leanaí) den Bhunreacht, a mhéid a bhaineann sé le huchtú. Tugadh an Bille isteach sa Dáil i Bealtaine 2016 agus ceadaíodh é ag gach céim sa Dáil sa bhliain 2016.

Ullmhaíodh Scéim Ghinearálta maidir leis an *Acht um Chúram Leanaí 2015 (Leasú*), don Rialtas, le hathchóiriú a dhéanamh ar shocruithe maidir le Caomhnóir *ad litem* i dtaca le himeachtaí cúram leanaí.

Rinneadh dlí den *Acht um Chúram Leanaí 2015 (Leasú)* i Mí na Nollag 2015. Cuireann sé dualgas reachtúil ar Tusla ,plean iarchúraim a sholáthar do leanaí agus do dhaoine fásta atá i dteideal cúraim.Agus an Acht a chur i bhfeidhm ar dtús , thug Tusla isteach roinnt cleachtaithe nua, agus chuaigh siad i gcomhairle le páirtithe leasmhara tábhachtacha le hathbhreithniú ar an pholasaí Iarchúraim a thabhairt chun críche

Tá an t-athbhreithniú ar an *Acht um Chúram Leanaí 1991* ina cheangaltas laistigh de *Torthaí Níos Fearr, Todhchaí Níos Gile*. Thug an Roinn faoi obair shuntasach ar scóip an

athbhreithnithe, rud a chuimsigh anailís ar thuarascálacha éagsúla , lena n-áirítear athbhreithnithe stairiúla ar fud an chórais, idir thuarascálacha de chuid an Ombudsman do Leanaí, de chuid HIQA agus de chuid an raportéara), dlí-eolaíocht sa réimse, chomh maith le forbairtí i ndlínsí eile.

Maidir leis an*Children's Residential Centres Transfer Project*, cuireadh foireann le chéile lena n-áirítear, ionadaithe ó Tusla agus ó HIQA agus bunaíodh an Roinn i Mean Fómhair le clárúchán agus cigireacht ar ionaid chónaithe do leanaí a aistriú ó Tusla go HIQA. Dréachtaíodh Rialúcháin Chlárúcháin agus Rialúcháin maidir le Cúram agus Leas cónaitheoirí.

Dréachtaíodh Rialúcháin um Chúram Leanaí (Cúram Speisialta) i dtaca le caighdeáin in ionaid chúraim speisialta agus cuirfear i bhfeidhm iad a luaithe is a bheidh na horduithe um thosach feidhme, réidh.

Dréachtaíodh Cinn Scéim Úr Cúram Leanaí Inacmhainne agus cuireadh iad faoi bhráid an Rialtais le faomhadh i Mí na Nollag 2016.

Tháinig an chuid is mó den *Acht um Chúram Leanaí 1991 ( Seirbhísí Luathbhlianta) Rialúcháin 2016*, i bhfeidhm i Mí an Mheithimh 2016. Foráiltear de réir na rialúcháin go mbeidh ar a laghad mórcháilíocht ag Leibhéal 5, i gCúram agus Oideachas Luathbhlianta ar an gCreat Náisiúnta Cáilíochtaí, ag gach fostaí atá ag obair go díreach le leanaí atá ag freastal ar an tseirbhís , nó go mbeidh cáilíocht aige nó aici a mheasann an tAire a bheith coibhéiseach.

Síníodh trí cinn d'ionstraimí reachtúla faoi *Acht na Leanaí 2001* maidir le hoibríocht agus le stádas*Champas Choinneála Leanaí Bhaile an Oibricigh*.

**Gníomhaíocht Tosaíochta 1.4**
**An creat beartais a láidriú chun tacú le laghdú ar choireacht óige faoin bPlean Gníomhaíochta um Cheartas i leith an Aosa Óig2014-2018.**

***Plean Gníomhaíochta um Cheartas i leith an Aosa Óig***
Le linn na bliana 2016, lean Foireann Feidhmiúcháin idir-rannach de mhaoirseacht a dhéanamh ar an dul chun cinn a bhí déanta maidir leis an bPlean *Gníomhaíochta um Cheartas i leith an Aosa Óig a* chur i bhfeidhm. Bhí ionadaithe de chuid na gcomhlachtaí seo a leanas páirteach san fhoireann: *Seirbhís na hÉireann um cheartas i leith an Aosa Óig* (SECÓ) , Baile an Oibricigh, An Garda Síochána, Seirbhís Príosún na hÉireann, an tSeirbhís Promhaidh agus An Roinn Coimirce Sóisialaí.Déanann *Seirbhís na hÉireann um cheartas i leith an Aosa Óig* (SECÓ) maoirseacht ar infheistíocht shuntasach i gcláir phobal-bunaithe, le daoine óga a choimeád ar shiúl ó bheith páirteach a thuilleadh in iompraíocht choiriúil nó frith-shóisialta. Sa bhliain 2016, dháil an Roinn Dlí agus Cirt agus Comhionannais thart ar €17 milliún ar SECÓ chun Tionscadail Athstiúrtha Óige an Gharda Síochána, Tionscadail Choinnéala do Dhaoine Óga agus chun roinnt scéimeanna eile athstiúrtha pobalbhunaithe a riar.

| |
|---|
| ***Scéim Maoirseachta ar Phianbhreith***<br>Cuireadh tús le Scéim Maoirseachta phíolótacharPhianbhreith le linn na bliana 2016. Ba é cuspóir don scéim ná líon na leanaí athchurtha faoi choimeád, a laghdú. Cuireann sé tacaíochtaí a bhfuil luach teiripeach breise ag baint leo, ar fáil do leanaí sa phobal atá faoi choinníollacha bannaí. Faoin scéim, tugtar níos mó roghanna do na cúirteanna agus fios acu go bhfuil monatóireacht ghéar ar siúl trí chaidreamh leis na daoine óga agus lena gcuid teaghlaigh. |
| **Gníomhaíocht Tosaíochta 1.5**<br>**Cistiú agus cuspóirí beartais aitheanta a ailíniú.** |
| ***Próiseas Meastacháin***<br>B'ionann agus €1.136 billiún don ollchiste a fuarthas don Roinn agus ba ardú é de €98 milliún nó 9% ar chistiú 2015. Caitheadh €1.088 billiún i 2016, airgead a thacaigh le raon de sheirbhísí tábhachtacha a chur ar fáil do leanaí agus do dhaoine óga. Chuimsigh seo caiteachas de €679 milliún a rinne Tusla, a úsáideadh le brúnna a laghdú ar sheirbhísí i gcúram agus i gcosaint leanaí, go háirithe i gcásanna neamhshannta, ar chúraim chónaithe phríobháideacha, ar chúraim altrama agus ar an Straitéis um Chosc ar Fhoréigean Teaghlaigh, Gnéis agus Inscne. Caitheadh €305 milliún eile ar thacaíochtaí i leith raon bearta chun cúram leanaí inacmhainne, ardchaighdeánach a chur ar fáil agus a bheidh teacht ag an bpobal air. Cuirfear síneadh bliana leis an mbliain réamhscolaíochta saor in aisce faoin Scéim um Chúram agus Oideachas agus Luath-Óige. Ina theannta sin caitheadh €54 milliún ar raon de chláir agus de sheirbhísí don óige, lena n-airítear seirbhísí dóibh siúd as pobail faoi mhíbhuntáiste. |
| **Gníomhaíocht Tosaíochta 1.6**<br>**Láidriú agus forbairt a dhéanamh ar oibrithe trí rannpháirtíocht le gníomhaireachtaí, le comhlachtaí riaracháin agus le hinstitiúidí tríú leibhéal.** |
| ***Tacaíocht d'oibrithe***<br>I 2016, lean an Roinn de thacaíocht a chur ar fail dá cuid gníomhaireachtaí maidir le forbairt ar lucht oibre. San áireamh, bhí rannpháirtíocht sa ghrúpa stiúrtha don *Chreatlach Straitéiseach Náisiúnta um Phleanáil do Shláinte Oibrithe*, dul i ngleic le comhlachtaí iomchuí leithéid CORU ( an riarthóir ar sláinte uilíoch) agus caidreamh a dhéanamh ar son ár ngníomhaireachtaí leis an Roinn Caiteachais Phoiblí agus Athchóirithe (DPER). Rinne an Roinn comhthadhaill leis an (DPER) ar son na ngníomhaireachtaí ar raon cheisteanna acmhainní daonna ,mar shampla, faomhadh ar ghrád an Chleachtóra Tacaíochta Teaghlaigh do Tusla.<br><br>Bhí an Roinn i dteagmháil ar bhonn leanúnach le comhlachtaí proifisiúnta agus le heagraíochta neamhrialtasacha maidir le cosaint agus cúram leanaí in ionaid chónaithe. San áireamh, bhían Chomhairle um Ghairmithe Sláinte agus Cúram Shóisialaigh (CORU), an tÚdarás um Fhaisnéis agus Cáilíocht Sláinte, Foras Cúram Altramais na hÉireann, Cumann Oibrithe Sóisialta na hÉireann, an Chomhghuaillíocht um Chearta Leanaí agus Cumasú Daoine faoi Chúram.<br><br>Lean an Roinn de chistiú a chur ar fáil le haghaidh tionscnaimh ar ardchaighdeán san earnáil |

| |
|---|
| Luathbhlianta. Ar na tosaíochta, bhí cistiú do chigireachtaí reachtúla agus do chigireachtaí a raibh oideachas ina fhócas acu, tacaíocht le haghaidh cur le scileanna na mball foirne san earnáil trí chiste d'fhoghlaimeoirí , trí chreatlacha curaclaim (Síolta agus Aistear) agus seirbhís comhairliúcháin agus speisialtóireachta Luathbhlianta a fhorbairt. |

**Cuspóir Straiteiseach 2:**

**Monatóireacht agus measúnú a dhéanamh ar fheidhmíocht na Roinne agus ar a gníomhaireachtaí, trí cheannasaíocht láidir agus trí fhorálacha fhreagrachta**

| **Gníomhaíocht Tosaiochta 2.1**<br>**Maoirseacht a dhéanamh ar fheidhmíocht Tusla, mar a chloígh siad le forálacha rialachais agus le freagrachta iomchuí , agus mar a rinneadh clár seirbhíse athchóirithe a sheachadadh.** |
|---|
| Déanann an Roinn maoirseacht ar Tusla agus mar a chloíonn siad le forálacha reachtúla agus le forálacha eile rialachais faoi mar a leagtar síos iad san Acht fán nGníomhaireacht um Leanaí agus an Teaghlach, 2013 agus faoingCód Cleachtais chun Comhlachtaí Stáit a Rialú. Sholáthraigh Tusla idir thuarascálacha feidhmíochta míosúla agus ráithiúla ag tagairt do sheachadadh a bPlean Gnó. Cuireadh na tuarascálacha seo chuig an Roinn mar a rinneadh mionphlé agus athbhreithniú orthu. Tá raon tionscnaimh ar bun ag Tusla faoin gclár athchóirithe.<br><br>***Coimisiniú***<br>I 2016, reáchtáil Tusla cur chuige nua coimisiúnaithe, ar bhonn píolótach,ar sé shuíomh. Thairg gach suíomh Ráiteasum Shuíomh ar an Margadh(MPS) ag cur síos ar sheirbhísí a bhí ag teastáil i gceantair agus an dóigh ar chóir iad a chur ar fáil, seirbhísí reatha infhaighte/ neamhinfhaighte, cad ba chóir a bheith ar fáil, agus cad iad na seirbhísí a d'fhéadfaí a bheith ag teastáil sa todhchaí. Leanfaidh Tusla leis an gcur chuige coimisiúnaithe a fhorbairt i 2017.<br><br>***Córas Náisiúnta Faisnéise um ChúramLeanaí***<br>Sa bhliain2016, chuimsigh cistiú caipitil do Thusla forail d'fhorbairt leanúnach ar chóras NCCIS. Rinne Tusla forbairt ar bhogearraí NCCIS a chur chun cinn agus d'ullmhaigh siad bonneagar riachtanach TFC ar mhaithe leis an gcóras a leathnú i 2017 agus i 2018.<br><br>***Seirbhís Éigeandála Oibre Sóisialta lasmuigh de ghnáthuaireanta***<br>Soláthraíonn Tusla raon seirbhísí lasmuigh de ghnáthuaireanta oibre, ar fud na tíre, seirbhísí atá dírithe ar dhul i ngleic le h-éigeandálaí maidir le cúram agus cosaint leanaí. Tá seirbhís reatha lasmuigh de ghnáthuaireanta oibre ásolátharar fud na tíre ar thrí cinn de chúinsí. Éagsúla. I 2016, rinne Tusla athbhreithniú ar sheirbhísí lasmuigh de ghnáthuaireanta oibre agus tá sé mar aidhm acu na trí sheirbhís lasmuigh de ghnáthuaireanta oibre a chomhordú ina seirbhís náisiúnta.<br><br>***Seirbhísí um Chosc ar Fhoréigean Teaghlaigh , Gnéis agus Inscne***<br>Rinneadh dul chun cinn maith maidir le cur chuige straitéiseach agus comhtháite i dtaobh seirbhísí a eagrú agus a sheachadadh d'íospartaigh fhoréigin teaghlaigh, agus d' íospartaigh fhoréigin ghnéasaigh agus inscne. I rith 2016 , d'oibrigh Tusla le páirtithe in eagraíochtaí |

soláthraithe seirbhísí ag déanamh athbhreithnithe ar riachtanais oideachais agus traenála, ag ullmhú do choimisiúnú ar Línte Cabhracha Náisiúnta maidir le Foréigean Teaghlaigh, Foréigean Gnéasaigh , le seirbhísí tacaíochta, seirbhísí tacaíochta speisialtóra agus tearmainn agus le bunachar cuimsitheach sonraí a fhorbairt le haghaidh seirbhísí foréigin teaghlaigh , seirbhísí foréigin gnéasaigh agus inscne.

***Maoirseacht feidhmíochta***

Ullmhaítear forléargais agus mionanailísar ardchaighdeán maidir le caighdeán cúram leanaí agus le seirbhísí cosanta Tusla, thar ceann na Roinne, trí athbhreithniú ar thuairisciú fheidhmíochta, agus trí thuarascálacha rialacháin agus athbhreithnithe eile. Tháinig ball na Roinne le chéile go rialta le Stiúrthóirí Dearbhú Cáilíochta de chuid Tusla chun maoirseacht a dhéanamh ar dhul chun cinn ar fhorbairtí cáilíochta, le hiontaofacht sonraí agus cur i bhfeidhm feabhsuithe a bhí aitheanta ag Tusla agus ag na comhlachtaí rialacháin. Lean an Roinn le monatóireacht ar an ndul chun cinn a bhí déanta ar an bplean trí bliana a bhí aontaithe idir í féin agus Tusla, plean a bhí dírithe ar dhul i ngleic le roinnt cásanna a bhí ag feitheamh le hidirghabháil oibre sóisialta.

**Gníomhaíocht Tosaíochta 2.2**
**Cinnte a dhéanamh go bhfuil an cleachtadh is fearr maidir le rialachas agus le cúinsí freagrachta , i bhfeidhm sa Roinn , ina cuid gníomhaireachtaí agus ina soláthraithe uile seirbhísí**.

***Coiste Iniúchóireachta Inmhéanaí***

Ta ról neamhspleách ag Coiste Iniúchóireachta na Roinne laistigh den Roinn le maoirseacht agus comhairliúchán a dhéanamh ar cheisteanna a bhfuil baint acu le feidhmiúchán agus le forbairt na feidhme inúchóireachta inmheánaíagus i dtaobh smacht ar ghnó, ar rialachas agus ar thimpeallacht bainistíocht riosca.Tháinig an Coiste Iniúchóireachta le chéile sé huaire le linn na bliana 2016. Chuir an Roinn faisnéis mhionsonraithe agus láithreoireachtaí ar raon cheisteanna a bhain le rialachas agus le próisisum bainistíocht riosca, faoi bhráid an Choiste.

***Rialachas agus Cuntasacht***

Bhí creatlach nósanna imeachta riaracháin agus tuairisciú rialta ar bhainistíocht ar bun i rith na bliana. Thug an ardbhainistíocht faoi athbhreithnithe ar thuairiscí airgeadais, ar bhonn rialta, chun feidhmíocht airgeadais a mheas taobh le réamhaisnéis. Bhí córas bainistíochta riosca ag feidhmiúsa Roinn agus bhí córais a bhí dírithe ar chórais slándála ríomhairí ann freisin.

Lean an Roinn de bheith ag obair le Tusla maidir le comhlíonadh cheisteanna rialachais faoin Acht fán nGníomhaireacht um Leanaí agus an Teaghlach, 2013, agus maidir leis an gCód Cleachtais chun Comhlachtaí Stáit a Rialú (2009). Lainseáladh *Cód Cleachtais (Athbhreithnithe) chun Comhlachtaí Stáit a Rialú*i Lúnasa 2016, agus tosaíodh ar ullmhúchán le haghaidh monatóireachtar rialachas Gníomhaireachta faoin gCód athbhreithnithe.

D'oibrigh an Roinn le *hOifig an Ombudsman do Leanaí* lena chinntiú gur fheidhmigh a bpróiseas íostarraingte airgeadais de réir Bheartais Airgeadais agus Nósanna Imeachta na Roinne. D'oibrigh an Roinn le *hÚdarás Uchtála na hÉireann* agus chuireadar an próiseas

tuairisciú ar bhonn foirmiúil faoin Acht Uchtála 2010 agus faoin gCód Cleachtais chun Comhlachtai Stáit a Rialú.

Lean an Roinn de bheith ag plé le *soláthraitheseirbhísí tábhachtacha,* a riarann maoiniú d'óige ar a son, lena n-áirítear na Boird Oideachais agus Oiliúna, Pobal agus Bord Seirbhísí Óige Bhaile Átha Cliath.Aontaíodh meabhrán tuisceana athbhreithnithe le Boird Oideachais agus Oiliúna Éireann (ETBI) agus cuireadh síneadh leis. Phléigh an Roinn agus an ETBI an dearadh ar Chomhaontú Leibhéal Seirbhíse a bheidh le h úsáid ag na Boird Oideachais agus Oiliúna go léir fá choinne na tionscnaimh agus na seirbhísí ar fad atá maoinithe ag an Roinn. Lean an Roinn de thacaíocht a thabhairt do *Gaisce* le feidhmiú agus chun na hathchóirithe eagraíochta a chur i bhfeidhm.

I rith 2016, de réir fhorálacha Acht na Leanaí (Athbhreithniú) 2015, rinneadh cónascadh idir na trí scoil choinneála agus bunaíodh Campas Choinneála Bhaile an Oibricigh. Ceapadh bord bainistíochta nua don champas chomh maith. Chabhraigh An Roinn Acmhainní Daonna den Roinn Leanaí agus Gnóthaí Óige le IYJS agus le bainisteoireacht Bhaile an Oibricigh le dul i ngleic le ceisteanna acmhainní daonna agus le clár athchóirithe na seirbhíse poiblí a chur i bhfeidhm.

**Gníomhaíocht Tosaíochta 2.3**
**Leanúint le measúnú clár a fhorbairt agus measúnú a chomhtháthú isteach i dtuairisciú agus i dtuairisciú feidhmíochta - forbairt táscairí forbartha san áireamh i measc na gclár soláthair seirbhíse go léir**

***An TFCA***
Cuireadh ullmhúchán i gcrích sa tionscnamh um Fhorbairt Cáilíochta agus Acmhainní chun mol sonraí agus faisnéise áitiúla a fhorbairt a chuirfidh táscairí torthaí i láthair i dtaobh na gcúig thoradh náisiúnta ar leibhéal áitiúil agus náisiúnta. Cuirfear tús le forbairt an mhoil in 2017.

***Maoirseacht ar sheirbhísí do leanaí.***
Chun forbairt beartais agus cumas maoirseachta oibríochtúla a mhéadú, chuaigh an Roinn i muinín a hathbhreithnithe agus a hanailíse ó Tusla, Oifig an Ombudsman do Leanaí, an tÚdarás um Fhaisnéis agus Cáilíocht Sláinte (HIQA), an Painéal Náisiúnta Athbhreithnithe, Eagraíochtaí Neamhrialtasacha (NGOanna) agus taighde maidir le seirbhísí do leanaí.

Lean clár iniúchtaí HIQA ar sheirbhísí leasa agus cosanta leanaí, ionaid chónaithe leanaí, seirbhísí agus aonaid chúraim speisialta Tusla ar aghaidh. In 2016, d'fhoilsigh HIQA tríocha a dó tuarascáil chigireachta ar ionad cónaithe, dhá thuarascáil chigireachta ar chúram speisialta, cúig cinn i dtaca le seirbhísí cúram altrama, agus ceithre cinn ar sheirbhísí cosanta agus leasa leanaí. Fuarthas agus athbhreithníodh tuarascálacha cigireachta ar ionaid chónaithe phríobháideacha agus dheonacha do leanaí de chuid Tusla don bhliain 2016. Déanann an Roinn athbhreithniú agus anailís ar gach tuarascáil a d'fhoilsigh Tusla. Úsáidtear faisnéis ó thuarascálacha chun tionchar a imirt ar fhorbairtí beartais náisiúnta agus ar fheabhsú seirbhíse aonair.

***Measúnú***

Ar aon dul le riachtanais na Roinne Caiteachais Phoiblí agus Athchóirithe, thug Aonad Taighde agus Measúnaithe na Roinne faoi chleachtadh comhairliúcháin laistigh den Roinn, a shainaithin tosaíochtaí beartais le haghaidh measúnú. Comhaontaíodh ar chlár trí bliana de mheasúnú.

Deonaíodh cistiú faoi thionscnamh *Goal* le haghaidh athchóiriú seirbhíse poiblí, chun *Clár Oiliúna i measúnú ar Sheirbhísí Daonna* atá faoi stiúir na Roinne a fhorbairt. Tá an clár oiliúna ar mheasúnú, a mbeidh sé mar aidhm aige oiliúint mheasúnaithe a sholáthar ar fud na státseirbhíse, ar cheann de sheacht Spriocthionscadal 'eiseamláireacha' atá á gcistiú ar fud Phoblacht na hÉireann agus Thuaisceart Éireann, agus cuirfear tús leis go luath in 2017 i gcomhoibriú leis an Lárionad do Sheirbhísí Éifeachtacha.

**<u>Cuspóir Straitéiseach 3:</u>**

**Feabhas a chur ar chórais chun tacú le teaghlaigh, leanaí a chosaint, an cúram malartach is oiriúnaí a sholáthar agus cabhrú leis na daoine óga siúd a gcruthaíonn a n-iompar riosca dóibh féin nó do dhaoine eile.**

**Gníomhaíocht Tosaíochta 3.1**
**Athrú ar chórais a chur chun cinn chun feabhas a chur ar cháilíocht agus ar chomhsheasmhacht na dtacaíochtaí a sholáthraítear do thuismitheoirí, leanaí a chosaint go ginearálta, agus ar cháilíocht an chúraim agus cosaint leanaí.**

***Cáilíocht seirbhísí***

I gcaitheamh 2016, sholáthair Tusla tuarascálacha míosúla agus ráithiúla feidhmíochta don Roinn maidir le seirbhísí a sholáthar. Sholáthair iad seo sonraí faisnéiseacha ag a raibh príomhtháscairí feidhmíochta a d'fhorbair Tusla i gcomhairle leis an Roinn i gcaitheamh na bliana. Chinntigh príomhtháscairí feidhmíochta maidir le *hatreoruithe leasa agus cosanta leanaí* chuig Tusla agus leanaí i gcúram go ndearnadh maoirseacht ar sheirbhísí agus gurbh ann do bheartas feasach ar chur i bhfeidhm an rialacháin agus na gcaighdeán. Chomh maith leis sin, chuir na sonraí ar chumas treochtaí a shainaithint in atreoruithe go dtí agus freagairtígníomhaireachtaí i limistéar leasa leanaí. Áiríodh leis an bhfaisnéis seo sonraí faoi leanaí a raibh seirbhís oibre sóisialaí um chosaint leanaí á cur ar fáil dóibh, iad siúd i gcúram, saghas agus cobhsaíocht a socrúcháin, leathadh tíreolaíoch na n-atreoruithe, agus táscairí i leith a rannpháirtíochta san oideachas.

Bhí nó tá na leanaí a liostaítear ar *Chóras Fhógra um Chosaint Leanaí* Tusla faoi réir plean um chosaint linbh a comhaontaíodh ag comhdháil um chosaint leanaí. Thug an Roinn agus Tusla, i gcomhpháirtíocht, faoi dhaonáireamh ar an bpróifíl dhéimeagrafach leanaí a liostaítear ar an gCóras. Foilseofar na torthaí in 2017.

Chomhfhorbair Tusla agus Seirbhís na hÉireann um Cheartas i leith an Aosa Óig agus an tÚdarás um Fhaisnéis agus Cáilíocht Sláinte, *Beartas Náisiúnta maidir le Scaradh Aonair* nua, le héifeacht ó Eanáir 2017.

I ndiaidh a thuarascáil deiridh ar chéim a haon dá ghníomhaíochtaí i Samhain 2015,

d'aistrigh *an Tionscadal um Thuairisciú Dlí Cúram Leanaí* chuig céim nua oibre, a dhírigh ar chásanna ní ba chasta agus ní b'fhadálaí. In 2016, d'fhoilsigh sé dhá imleabhar sa chéim seo, inar cuimsíodh 29 cástuarascáil.

Cuireadh obair bhreise i gcrích ar athchóiriú na socruithe *ad litem* Caomhnóra in imeachtaí cúram leanaí, comhairliúchán san áireamh le réimse fairsing páirtithe leasmhara. D'ullmhaigh an Rialtas Scéim Ghinearálta den Bhile um Chúram Leanaí (Leasú) i Nollaig 2016 agus d'fhaomh an Rialtas é in Eanáir 2017.

Leanadh ar aghaidh le *seirbhís ACTS* a chur fáil do leanaí i rith 2016. Seirbhís náisiúnta is ACTS a sholáthraíonn seirbhísí cliniciúla do leanaí atá curtha in aonaid chúraim speisialta a bhainistíonn Tusla agus do leanaí i mBaile an Oibricigh.

Rinneadh forbairt bhreise ar shamhail leasaithe chúraim *CEHOP* (Cúram, Oideachas, Sláinte agus Folláine, Iompar Ciontaithe agus Ullmhú d'fhilleadh ar theaghlaigh agus ar an bpobal), a tugadh isteach i dtosach báire i mBaile an Oibricigh in 2016. Tacaíonn samhail CEHOP le cur chuige comhtháite i leith cúram leanaí atá faoi choimeád.

Tá roinnt seirbhísí abhcóideachta agus meantóireachta ann atá in ainm is tacú le leanaí aistriú idir coinneáil agus an pobal. D'iontráil Baile an Oibricigh isteach i gcomhaontú seirbhíse le réimse eagraíochtaí, ina measc: Daoine i gCúram a Chumasú (EPIC), Cláir Abhcóidí Óige Éireann (CAÓ) agus Tionscadal Meantóireachta Le Chéile.

**Gníomhaíocht Tosaíochta 3.2**
**Coimeád cuí, sábháilte agus slán a sholáthar ag a bhfuil torthaí feabhsaithe sa tsláinte, san fholláine agus in oideachas do gach leanbh faoi choinneáil**

***Campas Bhaile an Oibricigh***
Leanadh le hoibreacha caipitil a bhain le forbairt áiseanna ag Baile an Oibricigh ar aghaidh in 2016 agus cuireadh an tionscadal forbartha caipitil, a tosaíodh in 2013, i gcrích go foirmiúil. D'eascair soláthar 6 aonad nua cónaithe, as an bhforbairt, ionad nua oideachais, foirgneamh nua riaracháin lena n-áirítear áiseanna le haghaidh cruinnithe agus seomra sláinte atá go hiomlán troscánaithe.

Cuireadh pleanáil chun cinn lena ligean freagracht a shannadh as buachaillí 17 mbliana d'aois a ngearrtar pianbhreith tréimhse choinneála i mBaile an Oibricigh orthu, go háirithe chun foireann bhreise a earcú i mBaile an Oibricigh agus ionchur ó Sheirbhís Phríosúin na hÉireann (SPÉ) agus an tSeirbhís Phromhaidh maidir le bainistiú na haoisghrúpa seo.

Soláthraíonn an Roinn Oideachais agus Scileanna seirbhísí oideachais agus oiliúna trí Bhord Oideachais agus Oiliúna Dhún Laoghaire (DDLETB). Áirítear leo seo cúrsaí bunscoile agus meánscoile araon, anuas ar réimse fairsing de dhámhachtainí creidiúnaithe de chuid Dhearbhú Cáilíochta agus Cáilíochtaí Éireann (QQI) trí Ionad Oideachais Bhaile an Oibricigh.

| |
|---|
| **Gníomhaíocht Tosaíochta 3.3**<br>**Struchtúir a fheabhsú lena chinntiú cáilíocht laethúil seirbhíse agus torthaí optamacha** |
| ***Struchtúir Eagraíochta***<br>In 2016, chuir Tusla obair chun cinn le comhpháirtí straitéiseach chun athbhreithniú a dhéanamh ar a struchtúr eagraíochta. Thacaigh an Roinn leis an bpróiseas athbhreithnithe go comhsheasmhach ó cuireadh tús leis.<br><br>Lean an Roinn ar aghaidh lena cuid oibre chun tacú le forbairt creat beartais trasearnála maidir le seirbhísí sóisialta agus daonna a choimisiúnú i gcomhpháirtíocht le trí Roinn eile. Nuair a bhí staid Roinne á forbairt maidir le coimisiúnú, bhailigh an Roinn ionchur go hinmheánach agus rinne sí idirchaidreamh, chomh maith, le Tusla maidir lena shamhail choimisiúnaithe. Ina theannta sin, d'éascaigh sé idirchaidreamh díreach idir Tusla agus an Roinn Caiteachais Phoiblí agus Athchóirithe, a stiúrann creat beartais trasearnála a fhorbairt. |
| **Gníomhaíocht Tosaíochta 3.4**<br>**Tacú le próisis neamhspleácha athbhreithnithe i dtaca le leas agus cosaint leanaí agus ceartas óige.** |
| ***Próisis neamhspleácha athbhreithnithe***<br>D'fhoilsigh *an Painéal Náisiúnta Athbhreithnithe* tuarascálacha in Aibreán, Iúil agus Lúnasa 2016 ar bhásanna leanaí i gcúram agus leanaí a bhfuil aithne ag seirbhísí leasa agus cosanta leanaí. Rinneadh na tuarascálacha seo a athbhreithniú agus chuir na torthaí faisnéis ar fáil do mheasúnú Tusla, agus chuir sé le forbairt beartais sa Roinn.<br><br>I gcomhlíonadh na moltaí i dTuarascáil McMahon ar an bpróiseas cosanta d'iarrthóirí tearmainn, bunaíodh *Clár Cosanta Dídeanaithe na hÉireann* (CCDÉ) i Meán Fómhair 2015. Leanadh le monatóireacht a dhéanamh ar chur i bhfeidhm CCDÉ i gcaitheamh 2016.<br><br>I gcomhréir le halt185 d'Acht na Leanaí, 2001, údaraítear an tÚdarás um Fhaisnéis agus Cáilíocht Sláinte (HIQA) chun tabhairt faoi chigireachtaí ar Bhaile an Oibricigh. Tá HIQAgo hiomlán neamhspleách sa ról seo. In 2016, thug SCAÓ faoi athbhreithniú ar chaighdeáin le haghaidh oibriú optamach leanaí i scoileanna coinneála. Beartaítear, i ndiaidh comhairliúchán a dhéanamh leis na comhlachtaí ábhartha, go háirithe HIQA, go gcuirfear an t-athbhreithniú i gcrích in 2017. |
| **Gníomhaíocht Tosaíochta 3.5**<br>**Moltaí neamhspleácha athbhreithnithe a mheasúnú agus a chur i bhfeidhm ar aon dul le beartas an Rialtais agus faomhadh an Rialtais.** |
| Fuarthas Naoú Tuarascáil anRapóirtéara um Chosaint Leanaí i dtaca le 2015, agus scaipeadh é ar gach roinn ábhartha Rialtais go dtabharfaí faoin ngníomh cuí maidir lena moltaí, agus cuireadh é faoi bhráid an Rialtais i Samhain 2016. |

**Cuspóir Straitéiseach 4:**

**Tacú leis an Roinn agus le príomhpháirtithe leasmhara chun teacht ar fhianaise níos fearr agus chun rannpháirtíocht ghníomhach leanaí agus daoine óga i gcinntí a imríonn tionchar ar saol aonair agus i dteannta a chéile.**

| **Gníomhaíocht Tosaíochta 4.1**<br>**A chinntiú go bhfuil taighde agus sonraí faoi shaol leanaí ar fáil, inrochtana, daingean agus tráthúil chun faisnéis a sholáthar do bheartas.** |
|---|
| ***Ag Fás Aníos in Éirinn***<br>Leanadh ar aghaidh le maoirseacht agus bainistíocht ar *Ag Fás Aníos in Éirinn: an Staidéar Náisiúnta Fadaimseartha ar Leanaí (GUI)* a dhéanamh. I measc an phríomhdhul chun cinn a baineadh amach in 2016, bhí bailiú sonraí a chur i gcrích ag aois 7 trí shuirbhé poist, ionstraimíocht suirbhé a fhorbairt agus triail phíolótach a bhaint as le haghaidh céim iomlán de bhailiú sonraí ag aois 17/18 mbliana agus céim iomlán shonraí ón gcohórt leanaí ag aois 5 bliana arna cartlannú d'úsáid phoiblí. Cuireadh tús leis an bpróiseas chun ionstraimíocht a fhorbairt don chéim phíolótach de bhailiú sonraí do dhaoine 20 bliain d'aois go déanach in 2016.<br><br>Foilsíodh torthaí i dtaca leis an gcohórt 17/18 mbliana d'aois i gceithre thuarascáil phríomhthorthaí a seoladh ag comhdháil bhliantúil an GUI i Samhain 2016. Tugadh faoi roinnt gníomhaíochtaí aistrithe eolais, líon cur i láthair ina measc, chun próifíl GUI a ardú mar acmhainn taighde agus sonraí. Anuas air sin, reáchtáil foireann staidéir GUI sé cheardlann chun tacú le taighdeoirí ar spéis leo sonraí GUI a úsáid. Thit comhdháil bhliantúil GUI amach i Samhain 2016 agus rinneadh cur i láthair ar 25 páipéar agus úsáid á baint as sonraí GUI.<br><br>***Tionscnaimh eile taighde agus sonraí***<br>Rinneadh dul chun cinn suntasach ar shraith táscairí a fhorbairt chun tacú le *Torthaí Níos Fearr, Todhchaí Níos Gile*. Áiríodh leis seo próiseas Delphi agus athbhreithniú ar chomhairliúcháin le leanaí agus daoine óga chun faisnéis a sholáthar do shraith táscairí a fhorbairt atá ailínithe do *Thorthaí Níos Fearr, Todhchaí Níos Gile*. Cuireadh dréachtsraith táscairí faoi bhráid chuibhreannas Torthaí Níos Fearr, Todhchaí Níos Gile i bhFómhar 2016. Anuas air sin:<br><br>• Tugadh an séú Tuarascáil *Staid Leanaí an Náisiúin* - Éire 2016 chun críche agus ullmhaíodh í lena foilsiú, agus<br>• Foilsíodh an Tuarascáil ar Chur i bhfeidhm na Straitéise Náisiúnta Taighde agus Sonraí agus cuireadh pleananna chun cinn do thuarascáil deiridh in 2017. |

| **Gníomhaíocht Tosaíochta 4.2**<br>**Maoirseacht agus forbairt a dhéanamh ar struchtúir náisiúnta agus áitiúla le haghaidh rannpháirtíochta ag leanaí agus daoine óga.** |
|---|
| Sholáthair an Roinn tacaíocht don bhaint a bhíonn ag leanaí agus daoine óga i gcinnteoireacht trí<br><br>• Réimse tionscnamh ina bhfuil baint ag Comhairle na nÓg, suirbhé san áireamh ar an ngá atá leis go nochtann scoláirí a dtuairimí níos mó faoin méid a tharlaíonn sa seomra ranga ina scoil.<br>• Comhairliúcháin le daoine óga le haghaidh phróiseas IdirphléStruchtúrtha an AE; oideachas le haghaidh forbairt inbhuanaithe thar ceann agus leis an Roinn Oideachais agus Scileanna; leanaí agus daoine óga trasinscneacha a sainaithníodh; chun faisnéis a sholáthar don Rialtas agus do bheartas Stáit; cúram i ndiaidh am scoile chun faisnéis a sholáthar d'fhorbairt caighdeán náisiúnta faoin gcúram sin (a foilsíodh mar *'Tuarascáil ar Chomhairliúcháin le Leanaí ar Chúram i ndiaidh Am Scoile'* ('*Report of Consultations with Children on After-School Care*'); an chibearchoireacht thar ceann agus leis an Straitéis Náisiúnta Otrachta (a foilsíodh mar 'Nósanna Imeachta Sláintiúla, Nocht do Thuairim: *Comhairliúchán le leanaí agus daoine óga'* *("*Healthy *Lifestyles Have your Say: A consultation with children and young people');* agus an tAthbhreithniú Uilíoch Thréimhsiúil (a foilsíodh ar líne mar 'Tuairimí Leanaí agus Daoine Óga faoi Chearta Daonna in Éirinn' ('*Children and Young people's viewson Human Rights in Ireland*'').<br>• Foilsiú na tuarascála ar chomhairliúcháin le leanaí agus daoine óga ag Imeacht Searmanais Stáit oifigiúil na Leanaí, a chomheagraigh an Roinn mar chuid de Chlár Comórtha Náisiúnta Éire 2016.<br><br>Cuireadh Taispeántas Náisiúnta Chomhairle na nÓg 2016 ar bun i bPáirc an Chrócaigh i Samhain agus d'fhreastail 489 duine óg air, a rinne ionadaíocht do 31 Comhairle, ceann ó gach Údarás Áitiúil. |

**<u>Cuspóir Straitéiseach 5:</u>**

**Tacú le leanaí agus daoine óga d'fhonn gur féidir leoidirchaidreamh iomlán i bhfoghlaim ghníomhach, trí chúram agus oideachas ardchaighdeáin luath-óige, seirbhísí óige agus dul i ngleic le saincheisteanna a bhaineann le freastal ar scoil agus rannpháirtíocht scoile.**

| **Gníomhaíocht Tosaíochta 5.1**<br>**Barr feabhais a chur ar áiteanna ardchaighdeáin agus inrochtana cúraim agus oideachais luath-óige do leanaí ó aois na breithe go 6 bliana d'aois agus do leanaí in aois scoile.** |
|---|
| ***An tSamhail Rochtana agus Chuimsithe***<br>Cuireadh an tSamhail Rochtana agus Chuimsithe (AIM), ar samhail nua de thacaíochtaí é lena chur ar chumas cuimsiú iomlán agus rannpháirtíocht bhríoch leanaí faoi mhíchumas i gClár COLÓ, i bhfeidhm ó Mheán Fómhair 2016. Is éard a bhaineann le AIM seacht leibhéal de |

thacaíocht chéimnitheach, ag aistriú ó thacaíocht uilíoch go dtí tacaíocht spriocdhírithe, bunaithe ar riachtanais an linbh agus an tsoláthraí réamhscoile.

***An Scéim Cúram Leanaí Inacmhainne***

Mar chuid de Bhuiséad 2017, comhaontaíodh ar €19 milliún breise a sholáthar lena chur ar chumas Scéim nua Cúram Leanaí Inacmhainne a thabhairt isteach. Tiocfaidh an Scéim seo in ionad na scéimeanna spriocdhírithe cúram leanaí le scéim aonair, chuíchóirithe atá níos fusa le húsáid do thuismitheoirí agus soláthraithe araon. Foilsíodh páipéar beartais ar an Scéim nua Cúram Leanaí Inacmhainne i nDeireadh Fómhair 2016 agus lean comhairliúchán poiblí é seo ar an Scéim nua. Anuas air sin, rinne Teidil Bhille na Scéime um Chúram Leanaí Inacmhainne a dhréachtú agus a chur faoi bhráid an Rialtais lena bhfaomhadh.

***COLÓ***

Rinneadh soláthar i mBuiséad 2016 d’fhairsingiú suntasach chlár COLÓ. Ó Mheán Fómhair 2016, bhí leanaí i dteideal réamhscoil saor in aisce a thosú a luaithe a bhain siad 3 bliana d’aois amach agus féadfaidh siad leanúint ar aghaidh sa réamhscoil saor in aisce go dtí go dtosaíonn siad an bhunscoil (a fhad nach bhfuil an leanbh níos sine ná 5 bliana agus 6 mhí ag deireadh na bliana réamhscoile ábhartha, i.e. deireadh Mheithimh). Meastar go dtiocfaidh méadú ar an líon leanaí a bhainfidh leas as COLÓ aníos ó 67,000 go 127,000 faoi Aibreán 2017. Measadh go laghdaíonn na 61 seachtaine seo de COLÓ costais chúram leanaí tuismitheoirí faoi €4,000 (in aghaidh an linbh). Le roinnt blianta beaga anuas, ghlac a mhéid le 96% de leanaí réamhscoile páirt i gclár COLÓ, a léiríonndea-sholáthar agus dea-ghlacadh araon ar fud na tíre.

**FCLP**

Faoi Bhuiséad 2016, cuireadh €16 milliún le scéim an Fhóirdheontais Chúraim Leanaí sa Phobal (FCLP) lena chur ar chumas 8,000 leanbh breise teacht ar chúram lánaimseartha nó páirtaimseartha. Ní bhíodh an scéim ar fáil go dtí seo ach trí sholáthraithe cúram leanaí pobail/neamhbhrabúsacha. De réir mar a bhí laghdú ag teacht ar an éileamh ar an scéim, mar gheall nach raibh go leor teaghlaigh ísealioncaim in ann rochtain a fháil uirthi, de thoradh na heaspa soláthraithe cáilitheacha, chuaigh an Roinn i mbun beart in 2016 le rochtain níos fearr a chinntiú tríd an scéim a shíneadh chun seirbhísí cúram leanaí príobháideacha a chuimsiú. Chláraigh cúpla céad soláthraí cúram leanaí príobháideacha don scéim in 2016.

**Gníomhaíocht Tosaíochta 5.2**
**Beartas, soláthar agus cleachtas ardchaighdeáin agus éifeachtach oibre don óige a chur chun cinn trí fheabhas a chur ar fhaisnéis agus an bonn eolais.**

***Caighdeáin cháilíochta***

Lean an Roinn ag tacú le tionscnaimh caighdeáin cháilíochta a thabhairt isteach go leanúnach sna seirbhísí óige a sholáthraíonn an earnáil óige dheonach. Bíonn gach tionscadal oibre don óige agus gach eagraíocht náisiúnta óige a fhaigheann cistiú ón Roinn rannpháirteach sa Creat Náisiúnta um Chaighdeáin Cháilíochta (NQSF) don obair don óige. Lean triúr Oifigeach um Chaighdeáin Cháilíochta ó Bhord Oideachais agus Oiliúna Chathair Bhaile Átha Cliath a bheith comhlonnaithe sa Roinn chun tacú le cur i bhfeidhm an NQSF i seirbhísí óige. Rinneadh athbhreithniú ar an NQSF i gcomhthéacs an chreata beartais athraithigh a sholáthar.

| **Gníomhaíocht Tosaíochta 5.3**<br>**Contanam idirghabháil sprioctha seirbhíse a fhorbairt atá in ainm is freastal, rannpháirtíocht agus coinneáil daltaí a uasmhéadú.Drochfhreastal scoile, míshástacht agus luathfhágáil scoile a chomhrac.** |
|---|
| ***Seirbhís Leasa Oideachais***<br>Tá feidhm ghinearálta ag Tusla, trína Sheirbhís Leasa Oideachais, lena chinntiú go bhfreastalaíonn gach leanbh ar scoil aitheanta nó go gcuirtear oideachas íosta air/uirthi, ar bhealach eile. Príomhthacaíochtaí iad Seirbhís Leasa Oideachais Tusla, ina bhfuil Oifigigh Leasa Oideachais, an Clár Críochnaithe Scolaíochta agus an Scéim Theagmhála, Baile, Scoile agus an Phobail do leanaí atá i mbaol bheith faoi mhíbhuntáiste oideachais.<br><br>In 2015/2016, chabhraigh Oifigigh Leasa Oideachais le 10,600 leanbh chun dul i ngleic le saincheisteanna ginearálta freastail ar an scoile agus/nó saincheisteanna socrúcháin i rith na tréimhse tuairiscithe agus agus le saincheisteanna tromchúiseacha/ainsealacha freastail ar an scoil.<br><br>Cláir choisctheacha iad *an Clár Críochnaithe Scolaíochta* agus *an Scéim Theagmhála, Baile, Scoile agus an Phobail*. Soláthraíonn an Clár Críochnaithe Scolaíochta tacaíochtaí sprioctha do thart ar 37,000 leanbh ar fud na tíre. Is é an aidhm chun feabhas a chur ar rannpháirtíocht leanaí san oideachas agus i mbeatha na scoile. Tá de chuspóir na Scéime Teagmhála, Baile, Scoile agus an Phobail, ina bhfuil breis agus 400 comhordaitheoir Teagmhála Baile, Scoile agus an Phobail a fhreastalaíonn ar bhreis agus 600 scoil, chun na ceangail thábhachtacha siúd a chruthú idir teaghlaigh, scoileanna, agus pobail áitiúla chun tacú le foghlaim leanaí. |

**<u>Cuspóir Straitéiseach 6</u>:**

**Comhoibriú le páirtithe leasmhara, iad siúd ar fud an Rialtais ina measc, chun monatóireacht agus cur chun cinn a dhéanamh ar fholláine leanaí agus daoine óga agus éagothroime a laghdú.**

| **Gníomhaíocht Tosaíochta 6.1**<br>**Bheith i gceannas ar chur i bhfeidhm ar fud an Rialtais agus ar rialachas an Chreata Beartais Torthaí Níos Fearr, Todhchaí Níos Gile 2014-2020.** |
|---|
| ***Torthaí Níos Fearr, Todhchaí Níos Gile***<br>Leanadh le *Torthaí Níos Fearr, Todhchaí Níos Gile* a chur i bhfeidhm ar fud an Rialtais, ar aon dul leis an bplean um chur i bhfeidhm (2014-2017). Lean gach gné den bhonneagar um chur i bhfeidhm ag casadh ar a chéile go rialta. Bhí baint ag leanaí agus daoine óga, chomh maith, i gcur i bhfeidhm Torthaí Níos Fearr, Todhchaí Níos Gile in 2016 trí Fheidhmeannacht Náisiúnta Chomhairle na nÓg agus tríd an nGrúpaIdirphléStruchtúrtha (Glórtha Óga). Déantar cur sios mionsonraithe ar dhul chun cinn ar chur i bhfeidhm sa dara tuarascáil bhliantúil ar *Torthaí Níos Fearr, Todhchaí Níos Gile*, a foilsíodh i Lúnasa 2016.<br><br>Sainaithníodh agus cuireadh tosaíochtaítrasearnála chun cinn faoi *Torthaí Níos Fearr,* |

*Todhchaí Níos Gile:*

1. An Roinn Sláinte: Otracht leanaí
2. An Roinn Oideachais agus Scileanna: Athbhreithniú ar DEIS
3. An Roinn Leanaí agus Gnóthaí Óige: Cosc agus luath-idirghabháil
4. An Roinn Coimirce Sóisialaí: Bochtaineacht leanaí
5. An Roinn Tithíochta, Pleanála, Pobail agus Rialtais Áitiúil: Easpa dídine

D'oibrigh an Roinn le Ranna ar fud an Rialtais lena chinntiú go ndéantar tagairt chuí don Chreat Beartais Náisiúnta i straitéisí, pleananna agus beartais eile na Roinne. Chomh maith leis sin, d'fhorbair an Roinn ríomhiris chun páirtithe leasmhara a choimeád chun tosaigh ar fhorbairtí a bhaineann le *Torthaí Níos Fearr, Todhchaí Níos Gile*.
Thacaigh an Roinn, ina theannta sin, leis an gComhairle Chomhairleach chun na tosaíochtaí a chur chun cinn ina bplean oibre, trí oibriú le hoifigigh ó áiteanna ar fud an Rialtais.

**Gníomhaíocht Tosaíochta 6.2**
**Idirchaidreamh a dhéanamh le gach páirtí leasmhar agus comhpháirtí náisiúnta agus idirnáisiúnta agus i bhfóraim Thuaidh/Theas agus idirnáisiúnta.**

***CNACL ('Coinbhinsiún na Náisiún Aontaithe um Chearta an Linbh')***
In Eanáir, scrúdaigh Coiste na Náisiún Aontaithe um Chearta an Linbh Toscaireacht na hÉireann, faoi stiúir an Aire Leanaí agus Gnóthaí Óige maidir le 3ú agus 4ú Tuarascáil Chomhdhlúite na hÉireann leis an CNACL, 2013. I ndiaidh an scrúdaithe seo, d'fhoilsigh an CNACL Breathnóireacht Chonclúideach, ina raibh 88 moladh a raibh ar Éirinn dul i ngleic leo. I gcaitheamh 2016, d'oibrigh an Roinn ar an mBreathnóireacht Chonclúideach a fhógairt ar fud an Rialtais agus na hearnála neamhrialtais. Áiríodh leis seo comhóstáil a dhéanamh ar chéad Chruinniú Mullaigh na Roinne i Meán Fómhair i gcomhoibriú leis an gComhghuaillíocht um Chearta Leanaí. Dhírigh an Cruinniú Mullaigh seo ar chur i bhfeidhm mholtaí an CNCAL trí chreataí reatha, go háirithe trí *Torthaí Níos Fearr, Todhchaí Níos Gile*.

***An Chomhairle Aireachta Thuaidh/Theas***
D'oibrigh an Roinn leis an gComhairle Aireachta Thuaidh/Theas chun tacú le feabhsú córais trí bheartais agus reachtaíocht, lena n-áirítear cruinnithe iomlánacha agus earnála a thionól agus trí dhul chun cinn a dhéanamh maidir le sreafaí oibre a shainaithnítear. Chas an Grúpa Stiúrtha trasteorann d'oifigigh, a bunaíodh chun comhoibriú a dhéanamh ar réimse de cheisteanna um chosaint leanaí, go rialta in 2016 chun an clár oibre a chur chun cinn.

Lean an Roinn ag tacú le hobair na gcruinnithe Aireachta Thuaidh-Theas (an Earnáil Oideachais) agus le hidirchaidreamh a dhéanamh le contrapháirtithe i dTuaisceart Éireann ar réimse saincheisteanna Thuaidh-Theas, clár Peace IV agus obair an Choiste um Chaighdeáin Oiliúna Oideachais Thuaidh-Theas ina measc.

***Baile an Oibricigh***
Lean comhaontú leanúnach ar aghaidh chun foghlaim agus dea-chleachtas a roinnt i measc saoráidí coinneála ó gach dlínse ó Thuaidh agus ó Theas ar aghaidh, agus thit aistrithe foirne amach idir Baile an Oibricigh agus Fhearann na Coille. Thit a mhacasamhail d'aistrithe faisnéise agus dea-chleachtais amach idir Seirbhís Póilíneachta Thuaisceart Éireann agus an Garda Síochána agus idir an tSeirbhís Phromhaidh (Poblacht na hÉireann) agus an Bord Promhaidh (Tuaisceart Éireann).

| |
|---|
| **Gníomhaíocht Tosaíochta 6.3**<br>**Forbairt bhreise a dhéanamh ar struchtúir chun soláthar áitiúil seirbhísí leanaí agus daoine óga a rialú.** |
| ***CSLDÓanna***<br>Príomhstruchtúr iad Coistí Seirbhísí do Leanaí agus Daoine Óga (CSLDÓ) a shainaithin an Rialtas chun seirbhísí a phleanáil agus a chomhordú do leanaí agus daoine óga i ngach contae in Éirinn. I rith 2016, tugadh CSLDÓanna isteach go náisiúnta chun críche agus bhí 27 cinn ann ar fud gach limistéar údaráis áitiúil. Comhaontaíodh ar cháipéis treorach idir CSLDÓanna agus Coistí Forbartha Pobail Áitiúil lena chinntiú príomhcheangail ar riachtanais leanaí agus daoine óga maidir le forbairt an Phlean Áitiúil Eacnamaíochta agus Pobail. Bunaíodh Grúpa Náisiúnta um Chur i bhFeidhm, ina bhfuil an Comhordaitheoir Náisiúnta do CSLDÓanna, an Roinn agus Tusla agus déileáil le saincheisteanna, acmhainní daonna agus airgeadais, cumarsáid agus comhordú, agus ionduchtú agus oiliúint a chur ar Chathaoirligh agus Comhordaitheoirí CSLDÓ ina measc.<br><br>***Tionscnamh Todhchaí Níos Gile Lár na Cathrach Thoir Thuaidh***<br>Thacaigh an Rialtas le pobal Lár na Cathrach Thoir Thuaidh chun pleanáil a dhéanamh do thodhchaí níos fearr do na leanaí agus daoine óga sa cheantar. Mar chuid den tionscadal athbheochana, soláthraíodh cistiúaonuaire do *Thionscnamh Todhchaí Níos Gile Lár na Cathrach Thoir Thuaidh*, a bhfuil de chuspóir aige a chur ar chumas leanaí agus daoine óga chun baint ghníomhach a bheith acu sna cinntí a imríonn tionchar ar a saol agus chun páirt shóisialta a ghlacadh, agus bheith ina saoránaigh ghníomhacha ina gceart féin. Tá an tionscnamh dírithe go príomha ar 300 leanbh agus duine óg (idir 4 agus 18 mbliana d'aois) a fhreastalaíonn ar chúram i ndiaidh am scoile agus ar eagraíochtaí i Lár na Cathrach Thoir Thuaidh, anuas ar 350 gairmí, tuismitheoir agus páirtí leasmhar i Lár na Cathrach Thoir Thuaidh. Sholáthair an Roinn €100,000 in 2016 chun íoc as tuarastail, oiliúint, riarachán agus as costais eile.<br><br>***Comhairle na nÓg***<br>Chuir 97 eagraíocht beartais, straitéisí nó pleananna faoi bhráid Chomhairle na nÓg mar fhóram comhairliúcháin i rith 2016. Bhí baint ag na comhairlí áitiúla contae/cathrach le 26 Comhairle go náisiúnta maidir le limistéir ar nós pleanála, áineasa agus an phobail agus fiontraíochta. I measc na struchtúr pobail áitiúil eile a d'oibrigh lena gComhairle áitiúil mar fhóram comhairliúcháin, bhí Coistí Forbartha Pobail agus Áitiúla, Cuideachtaí LEADER, Boird Oideachais agus Oiliúna, Líonraí Rannpháirtíochta Poiblí agus Coistí Seirbhísí áitiúla do Leanaí agus Daoine Óga. Tacaíodh le Comhairlí na nÓg trí Chiste Forbartha Chomhairle na nÓg. |
| **Gníomhaíocht Tosaíochta 6.4**<br>**An Clár Luath-Óige Ceantarbhunaithe a chur i bhfeidhm.** |
| Comhthionscnamh is ea an Clár Luath-Óige Ceantarbhunaithe (ABC) (2013-2017) de chuid na Roinne agus Dhaonchairdeas an Atlantaigh (Atlantic Philanthropies) a bhfuil de chuspóir aige cur chuige nuálach um Chosc agus Luath-Idirghabhála a thástáil agus a mheasúnú i gceantair atá faoi mhíbhuntáiste, chun feabhas a chur ar thorthaí do leanaí, go háirithe leanaí agus teaghlaigh a mhaireann faoin mbochtaineacht. Cumhdaíonn díriú na hoibre faoi chlár ABC, go príomha, Sláinte agus Forbairt Leanaí, Foghlaim Leanaí, Tuistiú, agus Soláthar Seirbhíse |

Comhtháite. Tá gach suíomh oibríochtúil agus tá siad ag oibriú i leith spriocdhátaí éagsúla conartha i rith 2017.

Tá próiseas measúnaithe ar bun, agus tá súil leis go bhfoilseofar tuarascáil mheasúnaithe deiridh in 2018. I rith 2016, síneadh 3 shuíomh a bhí le cur i gcrích in 2016 go dtí lár 2017 chun iad a thabhairt ar aon dul le suíomhanna eile ABC. Ina dhiaidh sin i mBuiséad 2017, bhain an Roinn cistiú breise €4.5 milliún amach chun clár iomlán ABC a shíneadh go dtí deireadh Nollaig 2017 chun é a thabhairt níos mó ar aon dul le deireadh an phróisis mheasúnaithe.

**Gníomhaíocht Tosaíochta 6.5**
**Ról gníomhach a ghlacadh i ngach beartas ábhartha an AE a fhorbairt.**

***An AE agus Beartas Óige***
Lean an Roinn lena freagracht a chomhlíonadh i dtaobh tacú le hobair Chomhairle Airí Oideachais, Cultúr Óige agus Spóirt an AE. Ghlac oifigigh páirt i gcruinnithe Mheitheal Oibre Óige an AE agus i ngrúpaí saineolaithe a thacaíonn leis an gComhairle, ag cruinnithe ar leibhéal Ard-Stiúrthóra ina measc. Ghlac os cionn 600 duine óg in Éirinn páirt i bplé struchtúrtha an AE le daoine óga in 2016, agus lean seisear daoine óga orthu, ina dhiaidh sin, chun ionadaíocht a dhéanamh do dhearcthaí daoine óga Éireannacha ag an dá Chomhdháil Óige de chuid an AE.

***Tacaíochtaí Luathbhlianta - Moladh a bhaineann go sonrach le Tír Áirithe***
Faoi phróiseas antSeimeastair Eorpaigh, a bhfuil Éire faoina réir, d'eisigh an Chomhairle Eorpach comhairle i bhfoirm Moladh a bhaineann go sonrach le Tír Áirithe (CSR) in 2016 a mholann go ndéanann Éire:**"**Cur i bhfeidhm beartais ghníomhachtaithe a fhairsingiú agus a luathú chun déine oibre teaghlach a mhéadú agus chun dul i ngleic le riosca bochtaineachta leanaí. Dul i mbun beart chun fostaíocht a dhreasú trí aistarraingt sochar agus íocaíochtaí forlíontacha a bharrchaolú. Feabhas a chur ar sholáthar cúram leanaí lánaimseartha ata ar ardchaighdeán agus atá inacmhainne.

Áiríodh leis na tionscnaimh chun dul i ngleic leis an moladh seo in 2016 fairsingiú chlár COLÓ, síneadh chlár CCS chun soláthraithe príobháideacha a chur san áireamh, agus réamhíocaíochtaí a rinneadh nuair a bhí an Scéim Cúram Leanaí Inacmhainne á forbairt. Thug an Roinn roinnt beart isteach chun feabhas a chur ar cháilíocht sholáthar an chúraim leanaí, lena n-áirítear an Rialacháin an Achta um Chúram Leanaí, 1991 (SeirbhísiLuathbhlianta), 2016 agus tabhairt isteach leanúnach chláir Síolta agus Aistear i measc cinn eile.

***Leanaí – Saincheisteanna Idir-Dhlínsiúla***
Leanadh le cruinnithe rialta a thionól leis an Roinn Dlí agus Cirt agus Comhionannais agus Tusla maidir le hoibriú prótacal nósanna imeachta maidir le hiarratais idir-dhlínsiúla ar thuarascálacha sóisialta agus toiliú do leanaí a chur i gcúram. Tagann an prótacal seo faoi chuimsiú Rialachán Uimh. 2201/2003 ón gComhairle a bhaineann le dlínse agus aithint agus forfheidhmiú breithiúnas i gceisteanna pósta agus i gceisteanna lena mbaineann freagracht tuismitheora (Rialachán "An Bhruiséil II bis"), agus rinneadh comhaontú air idir an Roinn, an Roinn Dlí agus Cirt agus Comhionannais agus Tusla.

**<u>Cuspóir Straitéiseach 7</u>:**

**Tacú le Clár Athnuachana na Státseirbhíse agus é a leabú mar eagraíocht ina mbaintear ardfheidhmíocht amach, ar bhonn leanúnach, agus ina dtugtar tús áite d'ardfhorbairt phearsanta.**

| |
|---|
| **Gníomhaíocht Tosaíochta 7.1**<br>**Páirt a ghlacadh i gcur i bhfeidhm Chlár Athnuachana na Státseirbhíse.** |
| Chinntigh an Roinn gur coimeádadh an fhoireann go léir cothrom le dáta maidir leis an dul chun cinn a bhí á dhéanamh ar Phlean Athnuachana na Státseirbhíse, agus go rabhthas ag tacú le gníomhartha tosaíochta an Phlean.<br><br>Bhí an Roinn réamhghníomhach i gcaitheamh 2016, leis an bhfoireann go léir a choimeád ar an eolas ar phríomhfhorbairtí Chlár Athnuachana na Státseirbhíse trí ríomhphoist agus nuashonruithe rialta ar inlíon na Roinne, agus trí spreagadh leanúnach chun freagairt don Suirbhé ar Rannpháirtíocht Fostaithe ónar eascair freagairt 55.9% i gcomparáid le meánfhreagairt 39.3% na Státseirbhíse.<br><br>Chuir an tArd-Rúnaí imeacht rathúil idir-roinne ar bun maidir le hAthnuachan na Státseirbhíse i halla an bhaile an 5 Bealtaine, 2016. |
| **Gníomhaíocht Tosaíochta 7.2**<br>**Tacaíocht chorparáideach a sholáthar d'fhoireann na Roinne lena chinntiú go mbainimid ár gcumas amach agus go léirímid na caighdeáin ghairmiúla is airde.** |
| Bhain an Roinn cistiú amach i mBuiséad 2016 do phoist bhreise. Tugadh tús áite do na poist siúd a earcú tríd an tSeirbhís um Cheapacháin Phoiblí (SCP), a raibh géarghá phráinneach lena líonadh i ndiaidh ualaí breise oibre, bearnaí acmhainne ar nós scoir, agus pleanáil comharbais, arduithe céime agus aistrithe gaolmhara.<br><br>Deonaíodh iarratas na Roinne leis an gCoimisiún um Cheapacháin Seirbhíse Poiblí (CCSP) ar cheadúnas earcaíochta in 2016. Cuireann seo ar chumas na Roinne chun sainfhoireann a earcú, go háirithe, agus úsáid á baint as gníomhaireachtaí earcaíochta earnála príobháidí a d'fhaomh an CCSP, agus leanúint ar aghaidh, i gcomhthráth, chun úsáid a bhaint as an tSeirbhís um Cheapacháin Phoiblí (SCP) do na cláir earcaíochta iomlán nó cuid díobh.<br><br>Lean an Roinn ag oibriú leis an bhfoireann tríd an gcóras Bainistíochta agus Forbartha Feidhmíochta (CBFF) chun riachtanais oiliúna agus forbartha a shainaithint. D'eascair méadú suntasach ar infheistíocht agus ar sholáthar in 2016 as cur i bhfeidhm na hAnailíse ar Riachtanais Oiliúna faoinar tugadh in 2015, ceapadh Oifigeach Oiliúna agus acmhainní feabhsaithe a chur ar fáil don Aonad Oiliúna, beartas leasaithe ionduchtúcháin agus soláthar méadaithe cúrsaí i limistéir ar nós TFC (scileanna boga), Bainistíocht Tionscadail, Cosaint Sonraí, Dínit ag an Obair agus scileanna Gaeilge ina measc. Sholáthair an Roinn cúrsaí sonracha ceannaireachta agus cóitseála bainistíochta do ghráid an Phríomhoifigigh, an Phríomhoifigigh Chúnta, an Ardoifigigh Feidhmiúcháin, an Oifigigh Riaracháin, an Oifigigh Feidhmiúcháin agus an Oifigigh Foirne. |

Lean an Roinn ag tacú leis an bhfoireann a raibh staidéar á dhéanamh acu le haghaidh cáilíochtaí tríú leibhéal, i limistéir an Staidéir Dhlí, an Dlí Fostaíochta, na Bainistíochta, an Staidéir Ghnó, na Reachtaíochta agus Cearta Leanaí.

I rith 2016, thit pleanáil shuntasach amach i gcomhar le hOifig na nOibreacha Poiblí chun ullmhú a dhéanamh d'athlonnú na Roinne óna ceanncheathrú reatha ar Bhóthar Mespil go láthair nua i ndiaidh éag a léasa reatha.

## Aguisín I - Clár Reachtaíochta 2016

**(i) An Bille um Chúram Leanaí (Leasú), 2016**

Cuireadh obair chun cinn ar Scéim Ghinearálta Bille a fhorbairt chun an tseirbhís Chaomhnóra *ad litem* a leasú. Beartaítear sa Scéim Ghinearálta chun forálacha níos fairsinge a bhaineann le Caomhnóirí *ad litem* a chur in ionad na forála reatha in Alt 26 den Acht um Chúram Leanaí, 1991.

Is é an cuspóir foriomlán a chinntiú gur féidir an tseirbhís Chaomhnóra *ad litem* a sholáthar chun go rachaidh sé chun sochair an lín is mó leanaí agus daoine óga, d'fhonn gur féidir éisteacht lena nglórtha in imeachtaí cúram leanaí agus go mbainfidh an tseirbhís seo ardchaighdeán amach agus go mbeidh sé inbhuanaithe amach anseo.

**(ii) An Bille Uchtála (Leasú), 2016**

Bronntar éifeacht reachtaíochta saBhille Uchtála (Leasú), 2016 ar an Acht um an Tríú Leasú is Tríocha ar an mBunreacht (Leanaí), 2012. Leasaíonn an Bille an tAcht Uchtála, 2010 lena fhoráil gur féidir le tuismitheoirí pósta leanbh a chur faoi uchtáil, ar bhonn deonach, faoi chúinsí ina gcuireann an bheirt tuismitheoirí an leanbh faoi uchtáil agus ina dtugann an bheirt tuismitheoirí toiliú don ordú uchtála a dhéanamh. Athraítear sa Bhille, chomh maith leis sin, na critéir faoinar féidir leis an Ard-Chúirt, i gcás go dteipeann ar thuismitheoirí, chun ordú a dhéanamh a údaraíonn leanbh a uchtáil gan toiliú tuismitheora. Foráiltear ann go dtugtar tús áite do bhreithniú a dhéanamh ar shárleasanna an linbh maidir le haon cheist, iarratas nó imeachtaí faoin Acht Uchtála, 2010 agus go ndeimhneofar tuairimí an linbh agus go mbronnfar an tábhacht mar is ceart orthu, agus aird ar aois agus aibíocht an linbh. Foráiltear sa Bhille, chomh maith, gur féidr le páirtnéirí sibhialta agus lánúineacha comhchónaithe leanbh a uchtáil agus gur féidir lena leastuismitheoir leanbh a uchtáil gan aon cheanglas bheith ar an tuismitheoir eile a leanbh féin a uchtáil.

Foilsíodh an Bille i mBealtaine 2016 agus d'éirigh leis céimeanna an Choiste agus na Tuarascála a chur i gcrích i nDáil Éireann i Samhain 2016.

**(iii) An Bille Uchtála (Faisnéis agus Rianú), 2016**

Is é príomhchuspóir an Bhille Uchtála (Faisnéis agus Rianú), 2016 chun foráil a dhéanamh do scéim inar féidir faisnéis uchtála, an fhaisnéis a theastaíonn san áireamh chun teastas breithe a fháil, a sholáthar do dhuine uchtaithe faoi réir coinníollacha áirithe. Foráiltear sa Bhille go mbeidh an fhreagracht ar an Údarás Uchtála as cothabháil agus cosaint gach taifid uchtála agus as rochtain a sholáthar ar thaifid i gcomhréir leis an mBille. Foráiltear sa Bhille, chomh maith, gur féidir le tuismitheoirí breithe agus le daoine eile faisnéis a fháil faoi dhuine uchtaithe, a fhad agus a thugann an páirtí eile toiliú dó. Foráiltear sa Bhille, chomh maith leis sin, go bhfuil duine a d'fhéadfadh bheith faoi réir 'socrú cúraim neamhfhoirmiúil' nó 'clárú mícheart' agus tuismitheoir breithe an duine sin i dteideal iarratas a dhéanamh ar fhaisnéis faoin mBille. Foilsíodh an Bille i Samhain 2016.

**An tAcht um Chúram Leanaí, 1991 – Athbhreithniú**

*Torthaí Níos Fearr, Todhchaí Níos Gile:* Cuimsítear sa Chreat Beartais Náisiúnta do Dhaoine Óga 2014-2020, an gealltanas a thug an Roinn d'athbhreithniú agus athchóiriú a dhéanamh ar Act 1991, de réir mar is gá. I rith na bliana, thug an Roinn faoi obair shuntasach ar scóip an athbhreithnithe, ina raibh athbhreithniú a dhéanamh ar thuarascálacha éagsúla, dlí-eolaíocht sa limistéar, anuas ar fhorbairtí i ndlínsí eile, i gceist leis.

## Aguisín II
## Foilseacháin in 2016

- An tOchtú Plean Gníomhaíochta um Cheartas i leith an Aosa Óig 'Ag Dul i nGleic le Coireacht Óige' - Tuarascáil ar Dhul Chun Cinn 2014/2015
- An Bille Uchtála (Faisnéis agus Rianú), 2016 - Nóta Mínitheach
- Tuarascáil ar Chomhairliúchán le Leanaí agus Daoine Óga ar Oideachas le haghaidh Forbairt Inbhuanaithe
- 9ú Tuarascáil an Rapóirtéara Speisialta um Chosaint Leanaí
- Stíleanna Beatha Sláintiúla Do Chead Cainte: Comhairliúchán le Leanaí agus le Daoine Óga
-
- An Roinn Leanaí agus Gnóthaí Óige Tuarascáil Bhliantúil 2015
-
- Gnéasú agus Tráchtálú Leanaí in Éirinn: Staidéar Taiscéalaíoch
- Gnéasú agus Tráchtálú Leanaí in Éirinn: Staidéar Taiscéalaíoch - Nóta Faisnéise Taighde
- An Chéad Tuarascáil Bhliantúil ar chur i bhfeidhm na Straitéise Náisiúnta um Rannpháirtíocht Leanaí agus Daoine Óga, 2015-2020
- Torthaí Níos Fearr, Todhchaí Níos Gile - Tuarascáil Bhliantúil don dara bliain de chur i bhfeidhm, Aibreán 2015-2016
- Clár Óige Ceantarbhunaithe 2013-2017.
- Luathbhlianta: Cáilíocht a Chur chun Cinn agus an Bhochtaineacht a Chomhrac - Cleachtas Luathbhlianta ABC i leith Imeacht Beartais
- Athbhreithniú Gearr ar Chur Chuige i leith Forbairt Teanga Bhéil 2015 - Tuarascáil Iomlán
- Seirbhísí Réamhbhreithe agus Iarbhreithe Chlár Óige Ceantarbhunaithe i mBaile Átha Cliath Thuaidh.
- Athbhreithniú Gearr ar Chur Chuige i leith Forbairt Teanga Bhéil 2015
- Leanaí a Fheictear agus a nÉistear Leo ('Children Seen and Heard') 1916-2016 (Achoimre)

- Leanaí a Fheictear agus a nÉistear Leo (‘Children Seen and Heard’) 1916-2016
- Rialacháin an Achta um Chúram Leanaí, 1991 (Seirbhísí Luathbhlianta), 2016
- Tuarascáil Deiridh Laethanta Líonraithe Réigiúnaigh Chomhairle na nÓg - Bealtaine 2016
- Tuarascáil Bhliantúil Chiste Forbartha Chomhairle na nÓg 2015
- Rialacháin an Achta um Chúram Leanaí, 1991 (Seirbhísí Luathbhlianta), 2016, I.R. Uimh. 221 de 2016
- Tuairimí Leanaí agus Daoine Óga faoi Chearta Daonna in Éirinn
- An Bille Uchtála (Leasú), 2016
- Breathnóireacht Deiridh ar an Tríú agus an Ceathrú Comhthuarascáil Thréimhsiúil ar Éirinn
- Luathbhlianta: Cáilíocht a Chur chun Cinn agus an Bhochtaineacht a Chomhrac - Cleachtas Luathbhlianta ABC i leith Imeacht Beartais
- Liosta na Saincheisteanna maidir leis an Tríú agus an Ceathrú Comhthuarascáil Thréimhsiúil ar Éirinn - Freagairtí Aguisín na hÉireann don liosta saincheisteanna
- Liosta na Saincheisteanna maidir leis an Tríú agus an Ceathrú Comhthuarascáil Thréimhsiúil ar Éirinn
- Tuarascáil Bhliantúil an RLGÓ 2014
- Tuarascáil Bhliantúil na Roinne Leanaí agus Gnóthaí Óige 2014
- Infheistíocht Amach Anseo i gCúram agus Oideachas Luathbhlianta agus Aois Scoile na Roinne Leanaí agus Gnóthaí Óige
- Tuarascáil ar Dhíospóireacht Beartais Oscailte, Dé Máirt, an 31 Márta 2015
- Infheistíocht Amach Anseo i gCúram agus Oideachas Luathbhlianta agus Aois Scoile na Roinne Leanaí agus Gnóthaí Óige
- Tuarascáil ar Phróisis Chomhairliúcháin Phoiblí agus Tuismitheora ar Líne Aibreán/Bealtaine 2015
- Staid Leanaí an Náisiúin 2014
- Príomhthorthaí Ag Fás Aníos in Éirinn: Cohórt Leanaí ag 17/18 mBliana.<br>Uimh. 1: Oideachas agus Taithí Oibre Luath (Samhain 2016)
- Príomhthorthaí Ag Fás Aníos in Éirinn: Cohórt Leanaí ag 17/18 mBliana.<br>Uimh. 2: Sláinte, Meáchan, Gníomhaíocht agus Cothú (Samhain 2016)


- Príomhthorthaí Ag Fás Aníos in Éirinn: Cohórt Leanaí ag 17/18 mBliana.
  Uimh. 3: Sásamh Saoil, Caidreamh agus Meabhairshláinte (Samhain 2016)
- Príomhthorthaí Ag Fás Aníos in Éirinn: Cohórt Leanaí ag 17/18 mBliana.
  Uimh. 4: Iompar Rioscúil Sláinte agus Gníomhaíocht Ghnéasach (Samhain 2016)

# Aguisín III:Sonraí Corparáideacha

Ag deireadh na Nollag 2016, bhí 188 comhalta foirne [177.56 coibhéis lánaimseartha] ag fónamh sa Roinn.

Seo a leanas sonraí faoi thoradh caiteachais na Roinne don bhliain 2016 i measc na bpríomhlimistéar cláir:

| | | Toradh |
|---|---|---|
| | | €000 |
| **Caiteachas Cláir** | | |
| A | An Clár Tacaíochta do Leanaí agus Teaghlaigh | 704,592 |
| B | Cláir Earnála do Leanaí agus Daoine Óga | 366,637 |
| C | An Clár Beartais agus Reachtaíochta | 17,199 |
| | **Ollchaiteachas** | **1,088,428** |
| | **Lúide** | |
| D | **Leithreasaí i gcabhair** | **22,007** |
| | **Glanchaiteachas** | **1,066,421** |



## Aguisín IV

## Forbhreathnú ar Úsáid Fuinnimh in 2016

Leagtar amach sa mhír seo an úsáid fuinnimh sa Roinn Leanaí agus Gnóthaí Óige don bhliain 2016 agus na bearta a ndeachtas ina mbun chun feabhas a chur ar ár bhfeidhmíocht fuinnimh. Déantar tuairisceáin le hÚdarás Fuinnimh Inmharthana na hÉireann (SEAI) ar bhonn bliantúil agus sonraítear thíos feidhmíocht 2016.

Tá gníomhaireachtaína Roinne freagrach as a n-ídiú fuinnimh féin a thuairisciú leis an SEAI agus ní áirítear a n-ídiú leis na figiúirí seo.

| **Láthair/Bliain** | **Leictreachas kWH** | **Gás kWH** | **KWH Iomlán** | **KWH/CLA Iomlán** |
|---|---|---|---|---|
| **Ceanncheathrú, Bóthar Mespil** | | | | |
| **2016** | 401,862 | 350,633 | 752,495 | 4213.30 |

Ba é an príomhthionscnamh faoinar tugadh i rith 2016 ná an pháirt a ghlac an Roinn san fheachtas 'Cumhacht a Bharrfheabhsú ag an Obair' de chuid Oifig na nOibreacha Poiblí. Cuireadh cruinnithe ráithiúla ar bun le hionadaí Aramark chun plé a dhéanamh ar thorthaí a gcláir mhonatóireachta, agus chun comhairle a ghlacadh faoi conas is fearr ídiú fuinnimh a laghdú níos mó.

# Aguisín V
# Cairt Eagraíochta agus Comhlachtaí faoi choimirce na Roinne

- **An Dr Fergal Lynch***
  Ard-Rúnaí
  Folíne 3045/1ú hUrlár
  - **Iniúchóireacht Inmheánach**
  - **Éimear Fisher**
    Rúnaí Cúnta
    An Rannóg um Beartas Leanaí agus Teaghlaigh
    Folíne 3003/2ra hUrlár
    - **Marie Kennedy** — Beartas um Shábháilteacht agus Cosaint Leanaí — Folíne 3021/1ú hUrlár
    - **Lara Hynes** — Feidhmiú an Teaghlaigh agus Beartas um Chearta Leanaí — Folíne 3008/1ú hUrlár
    - **Albert O'Donoghue** — Beartas Cúraim Mhalartaigh — Folíne 3092/2ra hUrlár
    - **Conor Rowley** — Nuálaíocht Beartais — Folíne 3246/3ú hUrlár
    - **Folúntas** — Folláine agus Sláinte Leanaí — Folíne 3211/3ú hUrlár
    - **Claire Finn** — Taighde, Measúnú agus Faisnéis — Folíne 3089/5ú hUrlár
  - **Dermot Ryan***
    Rúnaí Cúnta
    An Rannóg Rialachais agus Feidhmíochta
    Folíne 3233/2ra hUrlár
    - **Michele Clarke** — Cáilíocht agus feidhmíocht na Gníomhaireachta — Folíne 3042/1ú hUrlár
    - **Denis O'Sullivan** — Athchóiriú Seirbhíse na Gníomhaireachta — Folíne 3048/1ú hUrlár
    - **John Lohan** — Cumarsáid agus Rialachas Corparáideach — Folíne 3080/3ú hUrlár
    - **Gerard Hughes** — Seirbhísí Airgeadais agus Tacaíochta — Folíne 3022/Urlár na Talún
    - **Vera McGrath** — Acmhainní Daonna — Folíne 3073/2ra hUrlár
  - **Michelle Shannon***
    Stiúrthóir
    An Rannóg um Cheartas i leith an Aosa Óig, Uchtáil agus Dlí
    Folíne 3010/2ra hUrlár
    - **Dolores Moran** — Campas Coinneála Leanaí — Folíne 3079/4ú hUrlár
    - **Tony O'Donovan** — Comhairleoir Leasa Leanaí — Folíne 3066/4ú hUrlár
    - **Noreen Leahy** — Beartas Uchtála — Folíne 3028/4ú hUrlár
    - **Mary Johnson** — Aonad Reachtaíochta — Folíne 3100/2ra hUrlár
    - **Aonad Dlí** — Folíne 31/3083 — 4ú hUrlár
    - **Michael Kelly** — Cláir agus Beartas Óg-Choireachta (An Roinn Dlí agus Cirt agus
    - Coimisiún Imscrúdúcháin Tithe Máthar agus Linbh (agus Ceisteanna Áirithe
  - **Bernie McNally***
    Rúnaí Cúnta
    Luathbhlianta, Oideachas, Óige, Rannpháirtíocht agus Taighde
    Folíne 3094/2ra hUrlár
    - **Anne-Marie Brooks** — Luathbhlianta — Folíne 31/5ú hUrlár
    - **Laura Slevin** — Luathbhlianta — Folíne 3089/5ú hUrlár
    - **Paul Fay** — Luathbhlianta — Folíne 3089/4ú hUrlár
    - **Olive McGovern** — Rannpháirtíocht, Súgradh, Áineas agus Cultúr — Folíne 3016/Urlár na Talún
    - **Clare McNamara** — Gnóthaí Óige agus Leas Oideachais — Folíne 3070/5ú Urlár
    - **Aoife Conduit** — Beartas um Oideachas Luathbhlianta (An Roinn Oideachais agus Scileanna) — Folíne 3297/5ú Urlár

* Oifigigh Ainmnithe Phoiblí faoin Acht um Brústocaireacht a Rialáil, 2015

# Comhlachtaí faoi choimirce na Roinne agus an Choimisiúin ghaolmhair

**Tusla, an Ghníomhaireacht um Leanaí agus an Teaghlach**
Fred McBride
Príomhoifigeach Feidhmiúcháin
An Ceantar Theas
Bóthar Eon Thiar
Cill Mhaighneann, BÁC 8.

**Údarás Uchtála na hÉireann**
Patricia Carey
Príomhoifigeach Feidhmiúcháin
Teach Shíol Bhroin
Bóthar Shíol Bhroin
BÁC 4.

**Scoileanna Coinneála Leanaí**
Pat Bergin
Bainisteoir Campais
Baile an Oibricigh
Lusca
Co. BÁC.

**Oifig an Ombudsman do Leanaí**
Niall Muldoon
Teach na Mílaoise
52-56 Sráid na Trá Mhór
BÁC 1.

**Coimisiún Imscrúdúcháin ar Árais Mháithreacha agus Naíonán (agus Nithe Áirithe Gaolmhara)**
An Breitheamh Yvonne Murphy
73 Sráid Bhagóid Íochtarach
BÁC 2.

**Gaisce, Dámhachtain an Uachtaráin**
Yvonne McKenna
Príomhoifigeach Feidhmiúcháin
Teach Ratra
An Bóthar Thuaidh
Páirc an Fhionnuisce
BÁC 8.